

Dearbhú maidir le Bradaíl

Dearbhaím leis seo, gurb é mo shaothar féin go hiomlán atá san ábhar seo atáim a thíolacadh le haghaidh measúnachta mar chuid den chlár staidéir don chéim MA sa Chleachtas Dátteangach agus nár tógadh aon chuid de as saothar aon duine eile ach amháin sa chás agus sa mhéid atá luaite agus aitheanta i dtéacs mo shaothair.

Ainm an Iarrthóra: Pádraig Ó Ceithearnaigh

Uimhir ID 54154031

Sínte: Pádraig Ó Ceithearnaigh

Dáta: 21/08/06

Coimriú

Nuair a reachtaíodh An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 tugadh aitheantas ar leith don chéad uair d'oidhreacht teanga agus cultúir na Gaeltachta i reachtaíocht phleanála na tíre.

Leagadh dualgas sainordaitheach ar údaráis phleanála ina bhfuil Gaeltacht ina gceantair cuspóir a bheith ina bpleananna forbartha contae d'fhonn cosaint oidhreacht teanga agus cultúir na Gaeltachta agus d'fhonn cur chun cinn na Gaeilge mar theanga an phobail.

Tugadh ról don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus d'Údarás na Gaeltachta faoin Acht féin agus faoi Rialacháin bunaithe ar an Acht a eisíodh i 2001.

Seachas an méid a scríobh Ciarán Ó Loingsigh is beag atá scríofa faoi fheidhmiú forálacha an Achta a bhaineann leis an nGaeilge sa Ghaeltacht.

Sa Spidéal tharla ardú de 51.3 faoin gcéad ar líon na dtithe agus ardú de 13 faoin gcéad sa daonra sa 21 bliain a scrúdaigh mé. Bhí 14.6 faoin gcéad den phobail gan Gaeilge i 2002 i gcomparáid le 12.1 faoin gcéad i 1981. Tharla ardú de 96.2 faoin gcéad ar líon na dtithe sna Forbacha agus ardú de 70 faoin gcéad sa daonra san achar céanna. Bhí 27.7 faoin gcéad den phobail gan Gaeilge i 2002 i gcomparáid le 18.2 faoin gcéad i 1981.

Is léir ó pholasaithe agus chuspóirí atá i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2003-2009 go dtógann an t-údarás phleanála forálacha an Achta i dtaobh na Gaeilge agus na Gaeltachta go dáiríre agus go dtugann siad feidhm dóibh agus iad ag déileáil le hiarratais phleanála. Ní léir áfach conas a ghlacann an t-údarás phleanála cinntí agus ní léir ach oiread an aontaítear conarthaí a leagtar síos i gcoinníollacha phleanála.

Is fiú féachaint ar chóras an Ráitis Tionchair Timpeallachta, ar bhunús chinntí an Bhord Pleanála agus ról níos lárnaí a thabhairt do Údarás na Gaeltachta.

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000

Mar a feidhmíodh é ó thaobh na Gaeilge de i
gCeantar an Spidéil agus na bhForbacha

Pádraig Ó Ceithearnaigh

Tráchtas á chur isteach mar pháirt-chomhlíonadh ar riachtanais chéim
MA sa Chleachtas Dátheangach

Fiontar
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
2006



FIONTAR

Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Buíochas

Táim an-bhuíoch de gach duine a chabhraigh liom ins an iarracht seo.

Táim fíorbhuíoch:

- De Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge a cheadaigh dom an cúrsa seo a dhéanamh agus d'fhoireann na Comhdhála a rinne obair na hoifige níos éadroime orm le linn dom a bheith ag tabhairt faoin gcúrsa
- Den Dr. Peadar Ó Flatharta, Stiúrthóir, Fiontar, a chéadspreag mo spéis sa chúrsa
- De gach duine a chabhraigh liom trí agallaimh a dhéanamh liom faoin ábhar
- Díobh siúd ar fad a chuir ábhar ar fáil dom
- D'fhoireann oifig phleanála Chomhairle Contae na Gaillimhe a chuaigh as a mbealach le cabhrú liom trí chomhaid a chur ar fáil agus ábhar ar chomhaid a shoiléiriú dom
- D'fhoireann na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a chuir figiúirí Scéim Labhairt na Gaeilge ar fáil dom
- D'Aoife Ní Shéaghdha a threoraigh mé i dtreo na n-iarratas phleanála cearta
- De na pobail Ghaeltachta a spreagann mé ón mbealach a bhaineann siad leas as an Acht chun a n-oidhreacht teanga a chosaint

Tá buíochas ar leith ag dul do:

Mo Stiúrthóir, An Dr. Caoilfhionn Nic Pháidín as a spreagadh, a comhairle agus a foighne. Táim go mór faoina comaoin.

Aingeal a sheas liom ó thús deireadh. Cá mbeinn gan í?

CLÁR

CAIBIDIL 1 Réamhrá	7
CAIBIDIL 2 Léirbhreithniú Litríochta	9
CAIBIDIL 3 Modheolaíocht	27
CAIBIDIL 4 Na Ceantair faoi chaibidil – An Spidéal agus na Forbacha.....	32
CAIBIDIL 5 Feidhmiú forálacha Gaeilge agus Gaeltachta	44
CAIBIDIL 6 Tátail agus Moltaí	65

Táblaí

Tábla 1: Daonáirimh 1981 – 2002. Small Area Population Statistics, CSO.	33
Tábla 2: Daonáirimh 1981 – 2002. Small Area Population Statistics, CSO.	33
Tábla 3: Daonáirimh 1981–2002. Small Area Population Statistics, CSO.	34
Tábla 4: Daonáirimh 1996–2002. Small Area Population Statistics, CSO.	35
Tábla 5: Figiúirí curtha ar fáil ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	36
Tábla 6: Daonáirimh 1981 – 2002. Small Area Population Statistics, CSO.	37
Tábla 7: Daonáirimh 1981 – 2002. Small Area Population Statistics, CSO.	37
Tábla 8: Daonáirimh 1981 – 2002. Small Area Population Statistics, CSO.	38
Tábla 9: Daonáirimh 1996 – 2002. Small Area Population Statistics, CSO.	38
Tábla 10: Figiúirí curtha ar fáil ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	39
Tábla 11: Daonáirimh 1981 – 2002. Small Area Population Statistics, CSO.	40
Tábla 12: Daonáirimh 1981 – 2002. Small Area Population Statistics, CSO.	41
Tábla 13: Daonáirimh 1981 – 2002. Small Area Population Statistics, CSO.	41
Tábla 14: Daonáirimh 1996 – 2002. Small Area Population Statistics, CSO.	42
Tábla 15: Figiúirí curtha ar fáil ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.	43

Aguisíní

Aguisín 1 Iarratais Phleanála i gCeantar an Spidéil 2003 – 2006 ar Dhá Theach nó níos mó	72
Aguisín 2 Iarratais Phleanála i gCeantar an Spidéil 2003 – 2006 ar Dhá Theach nó níos mó	73
Aguisín 3 Iarratais Phleanála i gCeantar an Spidéil 2003 – 2006 ar Dhá Theach nó níos mó	74
Aguisín 4 Iarratais Phleanála i gCeantar an Spidéil 2003 – 2006 ar Dhá Theach nó níos mó	75
Aguisín 5 Iarratais Phleanála i gCeantar na bhForbacha 2003 – 2006 ar Dhá Theach nó níos mó	76
Aguisín 6 Iarratais Phleanála i gCeantar na bhForbacha 2003 – 2006 ar Dhá Theach nó níos mó	77
Aguisín 7 Iarratais Phleanála i gCeantar na bhForbacha 2003 – 2006 ar Dhá Theach nó níos mó	78
Aguisín 8 Iarratais Phleanála i gCeantar na bhForbacha 2003 – 2006 ar Dhá Theach nó níos mó	79
Agallamh 1 Ciarán Ó Loingsigh	80
Agallamh 2 Bertie Ó hAinmhire	81
Agallamh 3 Pádraig Ó hAoláin	82
Agallamh 4 Eoin Ó Droighneáin	83
Agallamh 5&6* Liam Kavanagh & Brenda O'Neill	84
Aguisín 7 Foirmeacha Pleanála ar fáil i nGaeilge nó go Dátheangach ó	86
Chomhairle Contae na Gaillimhe	86

CAIBIDIL 1 Réamhrá

Síníodh an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 ina dhlí ar an 28 Lúnasa 2000. Cuimsíonn an tAcht forálacha na reachtaíochta pleanála ó 1963 ar aghaidh agus cuireann sé leis an reachtaíocht sin le forálacha nua - forálacha i dtaobh cosaint oidhreacht teanga agus cultúir na Gaeltachta agus cur chun cinn na Gaeilge ina measc. (Goodbody 2001).

Cé go bhfuil roinnt mhaith scríofa faoi chúrsaí pleanála is beag atá scríofa, seachas ag Ó Loingsigh (2000 agus 2005), faoi na forálacha a bhaineann le cosaint na Gaeilge sa Ghaeltacht nó faoin mbealach a thugtar nó a d'fhéadfaí feidhm a thabhairt dóibh. Tá an t-ábhar seo ina ábhar plé go rialta ar na meáin chraolta agus chlóite le tamall anuas. Tá roinnt mhaith tuairimí á malartú ach is beag anailís atá déanta ar a bhfuil tite amach ó tháinig an tAcht i bhfeidhm.

Cuirim romham sa taighde seo anailís a dhéanamh ar an mbealach a thug Comhairle Contae na Gaillimhe feidhm d'fhorálacha an Achta mar a bhaineann siad le cosaint na Gaeilge sa Ghaeltacht. Is é 2003 go 2006 tréimhse an taighde mar is i 2003 a tháinig an chéad Phlean Forbartha Contae i bhfeidhm a chuir forálacha an Achta san áireamh. Roghnaigh mé dhá cheantar le hanailís ar leith a dhéanamh orthu mar atá An Spidéal, sráidbhaile atá thart ar 18km ó Chathair na Gaillimhe agus Na Forbacha, atá thart ar 10km ó Chathair na Gaillimhe. Tá an dá cheantar taobh istigh de mhórchéantar forbartha na Cathrach agus tá siad faoi bhagairt, ó thaobh na Gaeilge de, le fás i líon na dtithe nua-thógtha iontu mar aon le himirce-isteach le tamall de bhlianta anuas.

Tugaim ar dtús faoi léargas a dhéanamh ar an dá cheantar, an dreach fisiciúil, treochtaí i líon na dtithe, an daonra, líon na gcainteoirí Gaeilge, líon na gcainteoirí gan Ghaeilge agus líon na ndaoine a labhraíonn Gaeilge go laethúil.

Aithníonn Simons (2004) An Plean Forbartha Contae ag croílár na reachtaíochta pleanála. Déanaim anailís ar Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe ó thaobh na bpolasaithe agus na gcuspóirí a chuireann sé roimhe a bhaint amach i dtaobh cosaint na Gaeilge sa Ghaeltacht agus conas ar tugadh feidhm do na polasaithe agus na cuspóirí céanna. Is tríd na hiarratais pleanála a fheidhmítear an córas pleanála go

praiticiúil. Os rud é go gceanglaítear, sa Phlean Forbartha Contae, Ráiteas Tionchair Teanga (RTT) le hiarratais ar dhá theach nó níos mó breathnaím ar na hiarratais áirithe sin don tréimhse i gceist. Dírím ar conas a chaith Údarás Pleanála na Gaillimhe leo i gcomhthéacs polasaithe agus cuspóirí an Phlean Forbartha Contae. Féachaim ar na hiarratais a rinneadh aighneachtaí nó achomhairc ina dtaobh agus ar na coinníollacha a ceanglaíodh leo ó thaobh na teanga de. Féachaim freisin trí agallaimh ar oifigigh an údaráis phleanála chomh maith le hoifigigh ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus ó Údarás na Gaeltachta ar cur chuige na Comhairle agus ar an mbealach a thagann siad ar chinntí ó thaobh na Gaeilge de. Roghnaím dhá iarratas ar leith, ceann an ceantar, chun staidéar níos mine a dhéanamh orthu ó chéad aighníodh na hiarratais go dtí gur thug an Bord Pleanála a chinneadh ar na hachomhairc. Déanaim comparáid idir cinntí Údaráis Phleanála na Gaillimhe agus cinntí an Bhoird Phleanála. Tá léargas tugtha agam ar conas ar tugadh feidhm d'fhorálacha an Achta seo go bhfuil cosaint na Gaeilge sa Ghaeltacht mar fheidhm acu. Measaim go bhfuil leid sa léargas céanna a chabhróidh le treo don todhchaí a leagan síos.

CAIBIDIL 2 Léirbhreithniú Litríochta

Díríonn an léirbhreithniú litríochta seo ar chomhthéacs an cheist taighde, ar threochtaí polasaí poiblí idirnáisiúnta agus áitiúil agus ar na tuarascálacha agus an taighde acadúil a rinneadh sa réimse seo cheana.

Tús an Phlé

Is é Ó Riagáin (1978) a thugann le tuiscint dúinn gur beag aitheantas a tugadh don dátheangachas uilíoch i litríocht ar phleanáil réigiúnach roimh sheachtóidí an chéid seo caite. Insíonn sé dúinn gur thosaigh athrú ag teacht ar an scéal ó 1970 ar aghaidh

—

“the approach has been more flexible and more considerate of the wishes of cultural minorities.”
(Ó Riagáin 1978 pp197-198).

- seachas ag díriú ar “economic formulations.” Agus é ag labhairt faoin scóip chun maitheasa atá ag pleanálaithe réigiúnacha i gcomhthéacs impleachtaí cultúrtha deir Ó Riagáin gur gá dóibh trí cheist a fhreagairt ar dtús:

- (1) What is the current linguistic situation and how is it changing?
- (2) What social, economic or spatial variables are causing changes?
- (3) Which of these variables can be influenced by regional planning policies? (ibid. p200).

I measc na nithe a aithníonn Ó Riagáin a d’fhéadfadh a bheith ina mbagairt don phobal teanga tá imirce-isteach, imirce-amach agus b’fhéidir turasóireacht. Aithníonn sé freisin

“that some aspects of settlement pattern rationalisation create similar problems.” (ibid. p 208).

Treochtaí Polasaí

An Bhreatain Bhig

Maidir leis an bpleanáil fhisiciúil agus ceist na teanga deir Aitchison agus Carter (2001) linn nár admhaíodh na bagairtí don teanga a bhí á lua ag dreamanna éagsúla roimhe sin go dtí gur foilsíodh tuairisc ar shuirbhé don Anglesey Structure Plan le Parry. In achoimre den suirbhé le James (1986 luaite in Aitchison agus Carter 2001) liostáiltear na nithe seo i measc na mbagairtí:

Second homes, large towns, large scale industry, and the development of large scale residential estates; encouragement of the influx of non Welsh speaking labour; and the increase in the percentage of non Welsh speaking children in schools. (Aitchison agus Carter 2001 p150).

I 1988 d'fhoilsigh an Welsh Office Ciorclán 53/88, maidir le Pleananna Forbartha agus Rialú Pleanála, ina dúradh go bhféadfaí ceist na teanga a thógáil san áireamh agus polasaithe úsáide talún á ndruchtú, sin sa chás gur cuid de chreatlach shóisialta an cheantair an Bhreatnais. (Aitchison agus Carter 2001 p152). Tá sé le tuiscint ó Aitchison agus Carter (2001) freisin gur laige an-mhór a bhí ar Chiorclán 53/88 nár eisíodh aon treoirínite ar conas na moltaí a bhí ann a fheidhmiú. Insíonn siad dúinn gur choinnigh an Welsh Office ag cur a ladar isteach sa scéal ag cur bac ar na hiarrachtaí a rinneadh leas a bhaint as Section 106 (riachtanais áitiúla) le smacht a chur ar díol tithe. Léirigh an Welsh Office an tuairim go bhféadfadh an cur chuige seo cur isteach ar shaoirse an duine (féach thíos Ó hÍcí) nó go bhféadfadh sé an bonn a bhaint den fhorbairt eacnamaíochta. (Aitchison agus Carter 2001 p152).

Eisíodh comhairle phleanála sa bhliain 2000 ina deirtear i measc nithe eile:

Where the use of the Welsh language is part of the social fabric of a community, the needs and interests of the language should be taken into account in the formulation of the policies set out in Unitary Development Plans. (Planning Guidance (Wales) Technical Advice Note (Wales) 20 p.1)

Is ina dhiaidh sin arís a d'aithin údarais phleanála áirithe nárbh ionann ábhar a bheith i Technical Advice Note agus a bheith in ann feidhm a thabhairt dó.

I Nollaig 2005 foilsíodh tuairisc ar obair a rinne údarais phleanála, Bord na Breataine, an Home Builders Federation agus Comhthionóil na Breataine Bige i gcomhar le chéile maidir le pleanáil d'úsáid talún agus an Bhreatnais. D'iarr an grúpa ar Ollscoil Londain taighde a dhéanamh ar "linguistic impact methodology" a chabhródh leo i dtaobh cúrsaí pleanála fisiciúil agus cur chun cinn na Breataine. (Planning and The Welsh Language p4). Mhol an Ollscoil próiseas dhá chuid don "Welsh Impact Assessment", mar atá:

- Linguistic Profiling Toolkit
- Linguistic Impact Assessment Methodology (Planning and The Welsh Language 2005 p5).

Tugtar sa tuairisc seo critéir le tabhairt san áireamh agus an gá atá le ráiteas teanga a mheas.

Is cur chuige cáilíochtúil atá sa Language Impact Assessment Methodology agus deirtear sa tuairisc gur próiseas subíachtúil atá i gceist. Aithnítear nach bhfuil an mhodheolaíocht mheasúnaithe seo foirfe agus gur de réir a chéile agus monatóireacht leanúnach á dhéanamh ar thionchar cinntí a rinneadh go mbeidh údarais phleanála níos muinínigh agus iad ag tomhas tionchar forbairtí ar an teanga. (Planning and The Welsh Language p24). Tugtar samplaí de cheisteanna gur féidir a úsáid mar sheicliosta chun an tionchar ar an teanga a mheas. (Planning and The Welsh Language 2005 pp26-37).

Scéal na hÉireann

Bhíomar níos moille in Éirinn ag tabhairt aitheantais don Ghaeilge i gcúrsaí pleanála agus ní go dtí gur achtaíodh An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 a tharla sin go foirmiúil sa reachtaíocht. Is gá a rá áfach go raibh tagairt do riachtanas Ráiteas Tionchair Teanga i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 1997-2002. (County Development Plan 1997-2002 p42).

Polasaí Rialtas na hÉireann

Léirítear polasaithe reatha Rialtas na hÉireann maidir le cúrsaí pleanála go príomha i Sustainable Development – A Strategy for Ireland (1997), sa National Development Plan (2000) a bhaineann le forbairt eacnamaíochta, agus sa National Spatial Strategy (2002) ach is san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 go príomha a ríomhtar polasaí ar Phleanáil agus Fhorbairt sa Ghaeltacht. Is iad na polasaithe thuasluaite i measc polasaithe eile a thugann comhthéacs don phleanáil ag leibhéal an Chontae. Sa National Spatial Strategy (2002) a foilsíodh i ndiaidh an Achta aithnítear tábhacht an chultúir agus na teanga i gcomhthéacs “strengthening the rural economy” (The National Spatial Strategy 2002 p52) agus tá an sliocht seo a leanas le léamh sa straitéis:

In seeking to enhance the role of Galway recognition must be given to the need to strengthen and protect the linguistic and cultural heritage of the Galway Gaeltacht. (The National Spatial Strategy 2002 p87)

Cuimsíonn an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 forálacha na reachtaíochta pleanála ó 1963 ar aghaidh agus cuireann sé leis an reachtaíocht sin le forálacha nua,

forálacha i dtaobh cosaint oidhreacht teanga agus cultúir na Gaeltachta agus cur chun cinn na Gaeilge ina measc. Is le linn don Bhille um Pleanáil agus Forbairt 1999 a bheith ag dul trí na céimeanna éagsúla sa Seanad agus sa Dáil a forbraíodh formhór na bhforálacha sin. Thug An Roinn Comhshaoil agus Rialtas Áitiúil, trí phróiseas comhchomhairle poiblí, cuireadh don phobal a thuairimí i dtaobh Achtanna Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 1963 go 1993 a chur in iúl don Roinn.

D'éiligh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge in aighneacht uaithi agus critéir á leagan síos do chead pleanála:

- go mbeadh sé riachtanach tábhacht na teanga agus an chultúir don phobal a bheith san áireamh sna critéir sin
 - go mbeadh staidéir tionchair teanga riachtanach sula gceadófaí aon iarratas pleanála sa Ghaeltacht
- (Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge 1997)

Bhí trí thagairt don Ghaeltacht sa Bhille um Pleanáil agus Forbairt 1999 nuair a tionscnaíodh é sa Seanad i 1999. Bhain an chéad tagairt le hullmhú treoirlínte pleanála réigiúnacha a mbeadh tionchar acu ar an nGaeltacht. Deir an Bille:

The regional authority shall have regard to the need to protect the linguistic and cultural heritage of the Gaeltacht. (Bille um Pleanáil agus Forbairt 1999 p42)

In alt 150 (ibid. p134). aithníodh Údarás na Gaeltachta mar “ghníomhaireacht forbartha” agus in alt 8 de Sceideal a Cúig foráladh go bhféadfaí coinníoll gan chúiteamh a cheangal le deonú cead pleanála

“relating to the protection of the linguistic or cultural heritage of the Gaeltacht.” (ibid. p207).

Bhí an chéad chéim glactha le haitheantas a thabhairt do thábhacht na Gaeltachta i gcúrsaí pleanála ach bhí tuilleadh le teacht ón díospóireacht i Seanad agus Dáil Éireann.

Baineann Caibidil I de Chuid II den Acht le Pleananna Forbartha agus faoi Alt 10(2) tá gá ag údaráis áitiúla a gcuspóirí a leagan síos dá bpleananna forbartha. I measc na gcuspóirí sin, atá sainordaitheach, tá an cuspóir seo a leanas 10(2)(m):

the protection of the linguistic and cultural heritage of the Gaeltacht including the promotion of Irish as the community language, where there is a Gaeltacht area in the area of the development plan. (Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 p34)

Deir Simons (2004) linn “the development plan lies at the heart of the planning legislation,” agus ag tagairt do bhreithiúnas ón gCúirt Uachtarach deir sé gur chuir an Chúirt síos ar an bPlean Forbartha:

as forming an environmental contract between the planning authority and the public. (Attorney General (Mc Garry) v. Sligo County Council [1991]luaite i Simons 2004 p1).

I gcás eile, Ní Chonghaile agus Eile V Comhairle Contae na Gaillimhe, léirigh an Ardchúirt tábhacht an phlean forbartha agus an gá go bhfeidhmeofaí dá réir. Thug an chúirt ordú mandamus do na freagróirí forálacha an phlean forbartha a chomhlíonadh. (Uimhir 570 JR 2000 neamhfhoilsithe).

De bharr Alt 10.2 den Bhille agus bunaithe ar a bhfuil ráite thuas ag Simons bhí An Ghaeltacht más ea ag croí na reachtaíochta pleanála tar éis na díospóireachta sa Seanad.

I measc na bhforálacha eile a aontaíodh sa Seanad bhí Alt 91.(e) faoinar foráladh agus gnáthbhaill den Bhord Pleanála á gceapadh go ndéanfadh an tAire ball amháin a cheapadh as measc daoine roghnaithe ag eagraíochtaí ionadaíocht d’earnálacha éagsúla, iad siúd a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge ina measc. (Bille um Pleanáil agus Forbairt 1999, p103).

In Alt 105.(1) den Bhille leagtar dualgas ar an mBord Pleanála dóthain foirne le Gaeilge a cheapadh d’fhonn a bheith in ann seirbhís trí Ghaeilge chomh maith le seirbhís trí Bhéarla a chur ar fáil. (Bille um Pleanáil agus Forbairt 1999 p110). De bharr na forála seo is é mo thaithí nach mbíonn fadhb ar bith déileáil leis an mBord Pleanála i nGaeilge.

I sceideal a cheathair den Bhille liostáiltear na fáthanna gur féidir cead pleanála a dhiúltú. Ar an liosta sin tá aon fhorbairt go mbeadh tionchar diúltach aici ar oidhreacht teanga agus cultúir na Gaeltachta. (Bille um Pleanáil agus Forbairt 1999 p213).

Agus é ag moladh an Bhille don Dáil ar an dara lá d’Fheabhra 2000 bhí an méid seo le rá ag an Aire Comhshaoil agus Rialtas Áitiúil Noel Dempsey T.D:

I measc na rudaí eile go léir tugtar aitheantas sa Bhille seo don Ghaeltacht agus do chultúr na Gaeltachta sa chóras pleanála. Phléamar an cheist seo go mion sa tSeanad agus neartaíomar an Bille go mór ina thaobh seo. Beidh dualgas an údaráis áitiúil feasta an Ghaeilge mar theanga phobail sa Ghaeltacht a thabhairt san áireamh agus a chur chun cinn sa mhéid is gur féidir sin a dhéanamh sa chóras pleanála. (Díospóireachtaí Dála Volume 513, 2 Feabhra 2000).

Cé gur cheap an tAire go raibh an-dul chun cinn déanta sa Seanad baineadh amach leasuithe breise le linn an phlé sa Dáil. Is iad seo thíos na leasuithe céanna:

- In alt 10.(2)(d) den Acht tá i measc na gcuispóirí sainordaitheacha gur gá a bheith i bplean forbartha contae go ndéanfaí comhtháthú idir pleanáil agus forbairt inmharthana an cheantair agus riachtanais shóisialta, phobail agus cultúir an cheantair agus a phobail. (Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, p33)
- In Alt 19.(1)(a) foráiltear gur féidir plean limistéir áitiúil a ullmhú do cheantar ar bith, ceantar Gaeltachta san áireamh. (ibid. p44).
- In Alt 20.(2) foráiltear go gcaithfidh údarás pleanála dul i gcomhairle le hÚdarás na Gaeltachta, sula dtugann sé faoi phlean do cheantar ina bhfuil Gaeltacht, a dhéanamh, a leasú nó a aisghairm. (ibid. p 45).
- Is féidir le Rialacháin faoi Alt 33.(3)(a), eolas i dtaobh na forbartha a lorg ón iarratasóir ar chead pleanála féachaint cén tionchar a bheadh ag an bhforbairt ar an nGaeilge sa Ghaeltacht. Bheadh an t-eolas seo ar fáil don údarás pleanála agus é ag meá an iarratais i gcoinne a chuspóirí don Ghaeltacht ina phlean forbartha. (ibid. pp54-55). (féach thíos faoi iarrachtaí na Comhdhála ar an ábhar seo)
- Is gá don Aire agus rialacháin á ndréachtú faoin Alt thuas dul i gcomhairle leis an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.
- Foráiltear in Alt 135.(8)(a-c) gur féidir éisteacht ó bhéal ag an mBord Pleanála a bheith i nGaeilge nó i mBéarla; gur i nGaeilge a bheidh éisteacht a bhaineann le forbairt sa Ghaeltacht ach amháin má roghnaíonn na páirtithe gur i mBéarla a bheidh sí. (ibid. p148).

I litir dar dáta 19 Bealtaine 2000 ó Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge chuig an Aire nochtaigh An Chomhdháil an tuairim go raibh Ráiteas Tionchair Teanga riachtanach sula gceadófaí forbairtí áirithe sa Ghaeltacht agus ríomhadh amach na príomhaidhmeanna a bhí le córas ráitis tionchair teanga:

- Aitheantas a thabhairt do thábhacht eacnamaíochta, shóisialta agus chultúir na Gaeilge i saol na Gaeltachta agus i saol na tíre trí chéile
- Forbairtí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh d'úsáid, d'fheiceálacht agus do stádas na Gaeilge sa Ghaeltacht a aithint agus modhanna trínar féidir na forbairtí seo a dhéanamh inmharthana ó thaobh cúrsaí teanga de a aimsiú

- Córas éifeachtach agus éifeachtúil a leagan síos trínar féidir na gnéithe seo de thimpeallacht na Gaeltachta a mheas agus a chosaint mar chuid den phróiseas pleanála.
(Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge 2000).

Is léir ó nótaí ar chomhrá a bhí idir oifigeach pleanála na Roinne agus oifigigh de chuid na Comhdhála gur bhreathnaigh an Roinn ar Alt 33 thuasluaite mar chomhghéilleadh. (Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge 01/06/00).

Sa bhliain 2001 d'eisigh an tAire Comhshaoil agus Rialtas Áitiúil Ionstraim Reachtúil. Is í an difríocht is mó a dhéanann na rialacháin faoin ionstraim reachtúil ó thaobh na Gaeltachta de ná go gcaithfidh údaráis phleanála áitiúla nó réigiúnacha ina bhfuil Gaeltacht ina gceantair An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta a chur ar an eolas sa chás go dtagann iarratas os a gcomhair go bhféadfadh i dtuairim na n-údarás pleanála tionchar ábhartha a bheith aige ar oidhreacht teanga agus cultúir na Gaeltachta, cur chun cinn na Gaeilge san áireamh. (S.I. No. 600 of 2001 p37).

Tagraím do dhréacht-treoirlínte ar phleananna forbartha a d'eisigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil in Aibreán 2006 níos faide thíos. Tá treoir reachtúil d'údaráis áitiúla don todhchaí san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 agus ag eascairt as sin tá bunchloch chun cosaint áirithe a thabhairt d'oidhreacht teanga agus cultúir na Gaeltachta agus don Ghaeilge. Is gá dar liom féachaint conas ar tugadh feidhm don treoir sin.

Polasaí Chomhairle Contae na Gaillimhe

Is tríd an bPlean Forbartha Contae 2003 – 2009 a leagann Comhairle Contae na Gaillimhe síos a cuid pleananna don chontae don tréimhse i gceist. As an 8 n-aidhm atá ann don phlean tá péire a bhaineann go díreach le h-ábhar an taighde seo:

Aim 3: Conserve the natural, built and cultural uniqueness of the County whilst accepting that this uniqueness has the potential to generate economic well being, enhanced quality of life and create vibrant communities.

Aim 5: Consolidate the Gaeltacht and support its importance to the Irish language locally and nationally, whilst protecting its importance as a cultural reservoir.

(County Development Plan 2003-2009 p1)

Tá dhá cheantar roghnaithe agam le hiniúchadh a dhéanamh orthu i dtaobh feidhmiú an Achta mar atá An Spidéal agus Na Forbacha. Do thréimhse an Phlean cuireann an Chomhairle in iúl dúinn go bhfuil sprioc de 80 aonad cónaithe nua acu do cheantar an Spidéil agus 29 aonad cónaithe nua do cheantar na bhForbacha. Soiléirítear i bPolasaí 18 go gceadófar diall de 30 faoin gcéad “in the allocated population” agus go ndéanfar diall idir 30 faoin gcéad agus 50 faoin gcéad a mheas:

in the context of the group of settlements and the growth experienced by each (ibid. pp18-25).

Is faoi Roinn 10 den phlean is mó a phléitear tábhacht na Gaeltachta agus an áit speisialta atá tugtha do chosaint agus do chothú na Gaeltachta san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Aithníonn an Plean an brú mór atá ar phobal teanga na Gaeltachta agus mar chuid den bhrú sin áiríonn sé daoine ag teacht isteach sa cheantar gan Ghaeilge agus deirtear go sonrath sa phlean:

Any development, which in the opinion of the Planning Authority would have a significant negative impact on the Irish language and the Gaeltacht will be refused. (ibid. p69).

I bPolasaí 205 ríomhtar na cineálacha iarratas go mbreathnófar go báúil orthu ar nós tithe do chainteoirí dúchasacha. I bPolasaí 206 deirtear go mbeidh comharthaíocht i nGaeilge amháin agus i bPolasaí 207 deirtear go ndéanfaidh an t-údarás pleanála an tionchar ar an teanga a d'fhéadfadh a bheith ag forbairt ar imeall na Gaeltachta a mheas. (ibid. pp69-70).

In alt 10.9 deirtear go mbeidh “Language Impact Statement” ag teastáil le haon iarratas ar dhá theach nó níos mó agus deirtear gur í an aidhm atá leis an Ráiteas Tionchair Teanga seo:

To assess the likely impact of the proposed development on the usage of Irish within the Gaeltacht area. (ibid. p70).

Tráchtairacht ar an Acht

Feictear dom ón méid atá léite agam faoin ábhar seo gur féidir an tráchtairacht a roinnt i dtrí chuid go bunúsach:

- daoine atá ag féachaint ar an Acht go hacadúil
- daoine atá ag féachaint ar an Acht ó thaobh impleachtaí dlí de
- daoine atá ag féachaint ar fheidhmiú an Achta ó lá go lá.

Is gá tuairim Choimisiún na Gaeltachta a thógáil san áireamh freisin.

Tuairimí Acadúla

I gcaint (neamhfhoilsithe) a thug Ó hIfearnáin i Samhain 2005 don ghrúpa Airdeall, (grúpa d’ionadaithe pobail ó na ceantair Ghaeltachta éagsúla atá ag obair as láimh a chéile faoi Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge, ag faire ar iarratais phleanála sa Ghaeltacht), nocht sé an tuairim nach bhfuil an tAcht Pleanála ach ag iarraidh “an staid reatha a chosaint.” (Ó nótaí ar a chaint a scaip sé ar na rannpháirtithe). De bharr na díospóireachta a chothaigh an ráiteas sin uaidh mhínigh sé nach bhfuil aon treoir tugtha san Acht faoi bhrí na bhfocal (focail na bhforálacha a bhaineann leis an nGaeilge nó leis an nGaeltacht) agus faoin sprioc a bheidh le baint amach. Deir sé freisin gur cosaint oidhreach teanga agus cultúir na Gaeltachta atá luaite sna forálacha san Acht agus nach luaitear cur chun cinn na Gaeilge ach in Alt amháin. Is gá dar liom a rá gur Alt lárnach d’ullmhú Plean Forbartha atá i gceist. Tagann a raibh le rá ag Ó hIfearnáin leis an tuairim a ghlac Ó Loingsigh (2000) tar éis dó forálacha an Achta a phlé le hoifigigh na Roinne Comhshaoil agus Rialtas Áitiúil. (breis thíos). “Is ar an dochar a sheachaint,” atá an bhéim dar le Ó hIfearnáin. (2005 neamhfhoilsithe). Tá an chuma ar an scéal áfach nach dtagann Ó Cinnéide, Mac Donnacha agus Ní Chonghaile (2001) le Ó hIfearnáin. Agus iad ag baint tátail as an taighde a rinne siad do Choimisiún na Gaeltachta aithníonn siad go bhfuil idir cumhachtaí agus oibleagáidí ag gabháil leis an Acht “chun cosaint a thabhairt d’oidhreach chultúir na Gaeltachta.”

(Ó Cinnéide, Mac Donnacha agus Ní Chonghaile 2001 p154). Aithníonn na húdair chomh maith nach bhfuil treoirínite eisithe do na húdaráis áitiúla maidir le feidhmiú na ngnéithe sin den reachtaíocht, fadhb a aithníodh sa Bhreatain Bhig níos túsce, agus glaonn siad go dtabharfaí feidhm láithreach do na forálacha ar fad den Acht a bhaineann le cosaint oidhreacht na Gaeltachta. (ibid.)

Cuireann Ó Loingsigh (2000) ina thuairisc do Choimisiún na Gaeltachta, Ó hlfearnaín (2000) i bhfianaise a leag sé os comhair na hArdchúirte agus Denvir (2002) in alt in New Hibernia Review, béim ar an tábhacht a bhaineann le comhthéacs straitéiseach maidir le cosaint agus forbairt na Gaeilge agus go háirithe na Gaeltachta. Tagraíonn Denvir don ghá atá le plean cothabhála teanga agus tagraíonn Ó hlfearnaín don ghá atá le:

substantial language planning as part of a socio-economic development plan. (Ó hlfearnaín 2000 2.3 Summary - faighte go díreach ón údar).

Gan chomhthéacs níos leithne a bheith ag an Acht faoi mar atá luaite thuas aige, deir Ó Loingsigh (2000) go bhféadfadh daoine bheith ag súil leis an iomarca ón Acht.

Tuairimí Dlí

Mar is eol dúinn ó chás Ní Chonghaile agus Eile V. Comhairle Contae na Gaillimhe (Uimhir 570 JR 2000 neamhfhoilsithe) tá daoine sásta dul chun dlí faoi cheist na pleanála sa Ghaeltacht. Deir Ó hÍcí (2004), in ainneoin go bhfuil bunús maith dlí faoin Acht ó Airteagal 8 den Bhunreacht agus ó chinneadh na hArdchúirte i gcás Ní Chonghaile, go mbeadh ionadh air:

mura bhfeicimid troideanna fíochmhara os comhair na gCúirteanna sara mbeidh an cheist réitithe ina hiomláine. (Ó hÍcí 2004)

Dar le Ó hÍcí (2004) go mbreathnófaí ar aon chás mar seo faoi Airteagail 8; 40.1; 40.3.2 agus Airteagal 43 den Bhunreacht le chéile chomh maith leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 agus ar phrionsabail dhlíthiúla atá leagtha síos ag na Cúirteanna roimhe seo. Baineann Airteagal 40 agus 43 den Bhunreacht le comhionannas agus cearta maoinne faoi seach. Tá Ó hÍcí sásta:

nár cóir don Chúirt an aidhm reachtúil, atá ceart ina iomlán, a chur ar leataobh ar bhonn easpa comhionannais de réir an Bhunreachta. (ibid.)

Tá Ó hÍcí sásta freisin gur féidir a rá gur ar mhaithe le leas an phobail atá forálacha an Achta a bhaineann le cur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht.

Tagraíonn Ó hÍcí do chás Groener [1989] (5 E.C.R. 3976) a dhearbhaigh go raibh cead ag Rialtas na hÉireann coinníoll teanga a cheangal le post:

fad is go gcuirtear an ceanglais sin i bhfeidhm ar shlí chomhréireach agus neamh-idirdhealaitheach. (ibid.)

I dtuairisc an Law Society's Law Reform Committee (2005) ar "Discriminatory Planning Conditions – the case for reform" bhí an méid seo le rá ag an gCoiste:

We suggest that there are no objections, either as a matter of statutory interpretation or constitutional law, to local residency and language conditions.

(Law Society's Law Reform Committee 2005 p9).

Tuairimí Ghníomhairí Teanga

Ag scríobh dó in Iris Pléaráca i bhfómhar na bliana 2000, tar éis dó príomhfhórlacha an Achta a ríomhadh san alt céanna, deir Mac Donnacha (2000) go "(m)Braithfidh sé go mór ar conas a chuirfear i bhfeidhm é". (Mac Donnacha 2000 p6). Labhraíonn sé faoi easpa saineolais ar chúrsaí teanga, ar chúrsaí Gaeltachta agus ar fhorbairt tuaithe ag pleanálaithe na gcomhairlí contae. Tá Mac Donnacha ag díriú ar thábhacht teacht le chéile na gcoistí pobal agus na gcomhairleoirí Gaeltachta ag súil go mbeadh:

freastal níos fearr á dhéanamh ag na polasaithe a chuirfear chun cinn ar riachtanais an phobail agus go mbeidh glacadh níos fearr ag an bpobal leo.

(Mac Donnacha 2000 p6)

Deir Mac Donnacha gur rud maith a bheadh sa phróiseas seo dá gcríochnódh sé le polasaithe agus pleananna forbartha atá "Gaeltacht lárnaithe." (ibid.) Is dóigh liom gur mó seans go dtarlódh seo faoi na pleananna limistéir áitiúla áit gur féidir díriú ar an nGaeltacht aisti féin.

Is í an abairt is mó i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe a thugann "bunchloch na cosanta" dar le Ó hÉallaithe (2004):

Any development which in the opinion of the Planning Authority would have a significant negative impact on Irish and the Gaeltacht will be refused. (Ó hÉalaithe 2004 p2).

Insíonn Ó hÉallaithe (2004) dúinn nach bhfuil gach dream sa phobal sásta leis an gcoinníoll seo ag an gComhairle Contae agus luann sé cás na n-imirceach a fhilleann abhaile ar a gceantar ach le páirtneírí agus páistí gan Ghaeilge.

Tarraingíonn Ó hÉallaithe (2004) aird freisin ar an ndeacracht atá le feidhmiú an Achta. Díríonn sé ar an ról atá ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta agus molann sé moladh a rinne Coiste Ghlór na nGael an Spidéil maidir le feidhmiú riail na Gaeilge i gcontae na Gaillimhe:

.....Moltar go mbunófaí Aonad Meastóireachta idir Chomhairle Contae na Gaillimhe agus an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta chun daoine a bheadh ag iarraidh na haonaid tithíochta atá i gceist a cheannach nó cónaí iontu a mheas ó thaobh a bhfeiliúnacht Ghaeilge. D'fhéadfaí é seo a dhéanamh i gcomhthreo leis an gcigireacht i leith dheontais tithíochta na Roinne i gcás go mbeadh an duine tar éis cur isteach ar an deontas sin. (Coiste Ghlór na nGael an Spidéil luaite in Ó hÉallaithe 2004 p6).

Críochnaíonn Ó hÉallaithe ag rá gur cur amú ama a bheidh sa deis nua seo an Ghaeilge a chosaint faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000:

Mura bhfuil an cur chuige i gceart agus an cur i bhfeidhm inghlactha agus réadúil. (Ó hÉallaithe 2004 p7).

Tuairim Choimisiún na Gaeltachta (2002)

Ina thuairisc léiríonn Coimisiún na Gaeltachta (2002 p7) dóchas go mbeidh dea-thionchar ag an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 agus ar cheann dá mholtaí tá:

Go mbeidh gach gné den fhorbairt agus de shaol na Gaeltachta ag tacú le polasaí agus plean teanga, ar a n-áirítear, pleanáil fhisiciúil mar thaca do pholasaí agus do phleanáil teanga. (Coimisiún na Gaeltachta 2002 p13).

Is léir ón achoimre ar théamaí na gcruinnithe poiblí a thugtar i gcaibidil a hocht de thuairisc An Choimisiúin go mbraitheann pobal na Gaeltachta go bhfuil polasaithe á bhfeidhmiú ag na húdaráis phleanála a dhiúltaíonn cead pleanála do mhuintir na háite ar a gcuid tailte féin. Ceapann siad freisin go bhfuil daoine óga na Gaeltachta á mbrú amach as a gceantair féin. Tá an pobal freisin den tuairim gur dochar atá an córas pleanála ag déanamh do “chaomhnú agus do bhuanú na Gaeilge sa Ghaeltacht” agus go bhfuil an iomarca daoine gan Ghaeilge ag cónaí sa Ghaeltacht. (Coimisiún na Gaeltachta 2002 p19).

Feidhmiú an Achta

Measaim arís ón méid atá scríofa gur féidir breathnú ar fheidhmiú an Achta i dtrí chuid:

- Cad is bunús don Acht?
- Polasaí na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
- Moltaí Ó Loingsigh 2000 agus 2005 d'fheidhmiú an Achta

Cad is bunús don Acht?

Baineann an tAcht le “proper planning and sustainable development of the area” (Simons, 2004 p130). Níl aon mhíniú tugtha san Acht ar céard is brí leis na téarmaí seo. Insíonn Ó Loingsigh (2000) dúinn go ndearnadh é seo in aon turas “to allow some flexibility to the Planning Authority” (Ó Loingsigh 2000 p3). Triaileann Simons míniú áirithe a fháil ar an gcoincheap agus díríonn sé ar n-aird ach go háirithe ar an sceideal de na coinníollacha gur féidir cead pleanála a dhiúltú gan chúiteamh agus ar an sceideal faoinar féidir coinníollacha gan chúiteamh a leagan síos agus cead dá dheonú. (Simons 2004, p130). Is faoi alt 14 de Sceideal IV agus faoi alt 8 de Sceideal V a fhoráiltear na coinníollacha a bhaineann le hoidhreacht teanga agus cultúir na Gaeltachta. Deir Simons linn go bhfuil na forálacha seo:

indicative of matters which come within the rubric of “proper planning and sustainable development.”
(Simons 2004 p130).

Tugtar sainmhíniú áfach ar “Sustainable Development” sa National Spatial Strategy 2002-2020 agus is é an brí atá luaite leis:

Sustainable Development is development that meets the needs of this generation without compromising the ability of future generations to meet their needs.
(The National Spatial Strategy 2002-2020 p13)

Tagann Plean Forbartha na Gaillimhe leis an sainmhíniú seo. Is dócha gur féidir a ghlacadh ón méid atá ráite níos túsce thuas faoina bhfuil sa Phlean Forbartha Contae agus sa National Spatial Strategy faoi chosaint na Gaeltachta agus ag tógáil san áireamh an sainmhíniú díreach thuasluaite go mbeadh teoiric Simons inghlactha ó thaobh feidhm a thabhairt don Acht.

Polasaí na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

I litir a scríobhadh thar ceann an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i Lúnasa 2004 (neamhfhoilsithe) chuig Rúnaí an Bhoird Phleanála deir an Roinn go bhfuil sé an-tábhachtach impleachtaí cinntí pleanála do sheasamh na Gaeilge sa Ghaeltacht a aithint. Tharraing an litir aird ach go háirithe ar an dochar a bhí déanta ag eastáit tithíochta do Ghaeltacht na Gaillimhe go hairithe ó Bhaile Chlár na Gaillimhe siar go dtí An Spidéal agus Maigh Cuilinn. Mar chríoch don litir deirtear:

Go bhféadfadh easpa pleanála éifeachtach, áfach, tionchar diúltach a imirt ar thodhchaí na gceantar seo mar Ghaeltacht.
(An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta 2004 p3).

Tá tábhacht ar leith leis an litir seo mar go bhforálann Alt 143.(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000:

The Board (An Bord Pleanála) shall, in performing its functions, have regard to the policies and objectives for the time being of the Government,

(An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 p152).

Moltaí Ó Loingsigh 2000 agus 2005 d'fheidhmiú an Achta

Mar chuid dá chuid oibre d'iarr an tAire Comhshaoil agus Rialtas Áitiúil ar Choimisiún na Gaeltachta moltaí a dhréachtú i dtaobh feidhmiú na bhforálacha sin a bhain leis an nGaeltacht san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Ar iarratas ón gCoimisiún d'ullmhaigh Ciarán Ó Loingsigh ó Institiúid Thiobraid Árann tuairisc ar an ábhar. D'eisigh An Roinn Comhshaoil Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil dréacht-treoirínte (Development Plans -Public Consultation Draft of Guidelines for Planning Authorities) maidir le pleananna forbartha in Aibreán 2006. Beidh le feiceáil cén chuma a bheidh ar an leagan críochnaithe de na treoirínte. Tagann na dréacht-mholtaí cuid mhaith leis na moltaí a leag Ó Loingsigh (2000) faoi bhráid Choimisiún na Gaeltachta. Dhírigh Ó Loingsigh (2000) ar na tosca a mbeadh tionchar acu ar staid na Gaeilge sa Ghaeltacht ó thosca déimeagrafacha go tosca cultúir. (Ó Loingsigh 2000 pp5-6). D'fhéach Ó Loingsigh (2000) ar chumhachtaí an Údaráis Phleanála faoi dhá cheannteideal mar atá Cumhachtaí Réamhghníomhacha agus Cumhachtaí Frithghníomhacha. Shamhlaigh sé faoi na Cumhachtaí Réamhghníomhacha go mbeadh san áireamh sna pleananna forbartha gníomhartha dearfacha maidir le hoidhreacht teanga agus cultúir na Gaeltachta. Bhraith sé go mbeadh an t-údarás

pleanála ag gníomhú a Chumhachtaí Frithghníomhacha mar fhreagra ar mholtaí ó thaobh amuigh den údarás ach go háirithe faoi phróiseas an iarratais ar chead pleanála. Tar éis dó scóip an Achta a phlé leis an Roinn mhol Ó Loingsigh (2000) cur chuige teoranta a úsáid maidir le moltaí an Choimisiúin don Aire. Mar a deir sé:

the Planning and Development Act should not become the principal mechanism for the protection of the Gaeltacht. (ibid. p3).

Deirtear i dtuairisc ar threoirínte pleanála a d'ullmhaigh Ó Loingsigh (2005), i gcomhar leis an ngrúpa NASC, do na ceantair Ghaeltachta gur é an dúshlán atá ann:

To develop and implement policies that promote appropriate development that is sensitive to linguistic and cultural objectives. (ibid. p 4).

Bhraith Ó Loingsigh (2000) go raibh níos mó poitéinsil sa chur chuige réamhghníomhach (thuasluaite). Ar na fáthanna gur cheap sé seo bhí:

- The act seems to permit policies that discriminate in favour of actions that would have a positive effect on the Irish language
- It is practically possible to take positive steps that support the Irish language
- It is practically possible to reserve lands and certain buildings for purposes that would support the Irish language (ibid. p7).

Thóg Ó Loingsigh (2005) ar na tuairimí thuas ina chuid oibre le NASC.

Maidir le feidhmiú an Achta deir sé i measc rudaí eile gur gá dó a bheith bunaithe ar pholasaithe le spriocanna cinnte; go bhfuil gá le táscairí i dtaobh cé chomh sláintiúil is atá oidhreacht teanga agus cultúir ceantair; nach leor na daonáirimh amháin chuige sin agus go bhfuil gá sonraí a bhailiú chun súil a choinneáil ar athruithe sna táscairí. (Ó Loingsigh 2005 pp 7-8)

Molann sé próisis gur chóir do na húdaráis phleanála a ghlacadh chucu féin mar:

- Agreed mechanisms for dealing with planning issues in Gaeltacht areas
- Develop a typology of the various areas
- Identify specific goals for each type of area
- Develop the indicators
- Carry out a baseline survey of adopted indicators
- Identify the specific policies that will apply in each type of area
- Apply these policies through the development control process
- Review the change in indicators on a periodic basis (Ó Loingsigh 2005 p 8).

Is gá an bhunlíne sonraí a leagan síos chun gur féidir an staid reatha a mheas ina coinne ag aon am agus le gur féidir le forbróirí “language impact assessments” a ullmhú bunaithe uirthi. (ibid. pp10 -11). Molann Ó Loingsigh (2005) gur cóir fáthanna sonracha a thabhairt i gcás iarratas pleanála a dhiúltú nó i gcás coinníollacha a cheangal le ceadú iarratais. Tugann sé samplaí d’fháthanna agus choinníollacha a d’fhéadfaí a úsáid. (ibid. pp 24-27).

Bhreachnaigh Ó Loingsigh (2005) ar an “language impact assessment”, mar mheicníocht d’fheidhmiú na dtreoirlínte i gcomhthéacs teanga agus cultúir os rud é gur teanga agus cultúr atá luaite sa reachtaíocht. Is léir uaidh gur é an forbróir a d’ullmhóidh an ráiteas seo bunaithe ar tháscairí agus ar an mbunlíne sonraí thuasluaite a bheadh curtha ar fáil, ar íocaíocht, ag an údarás pleanála. (ibid. pp10-11). Tá Ó hIfeárnáin (2005) den tuairim gur cóir an “staidéar ar thionchar teanga”, mar a thugann seisean air, a bheith “neamhspleách ó na hiarratasóirí agus ón údarás pleanála.” Tuigeann Ó Loingsigh (2005) go bhfuil gá le saineolas ar leith chun tionchar na nithe atá á scrúdú a mheas - “proper research must be put in place” (Ó Loingsigh 2005 p28). Aithníonn sé áitíocht mar cheann de na heilimintí gur féidir tionchar a bheith aici ar sheasamh na teanga. Ní bheadh an tionchar diúltach céanna ag áitritheoirí ón bpobal áitiúil is a bheadh ag líon mór daoine ón taobh amuigh. (ibid. p30).

Ríomhann Ó Loingsigh (2005) meicníochtaí ar conas na treoirlínte a fheidhmiú, sa bhreis ar an measúnú tionchair teanga. Orthu siúd tá:

- Language Proficiency test
- Planning Application Form (samplaí de cheisteanna molta tugtha in aguisín 3 den tuairisc)
- Indicator Measurement (moltaí i dtreo straitéise tugtha in aguisín 4 den tuairisc)
- Monitoring, evaluation and review
- Local Area Plans
(ibid. pp32-33).

Shílfeá ón méid thuas go bhfuil treoir sách soiléir leagtha síos ag Ó Loingsigh chun deis a bheith ag údarás pleanála feidhm éifeachtach a thabhairt don Acht.

Conclúid

Céard atá déanta?

Feicimid ón léirbhreithniú litríochta go bhfuil fadhb aitheanta a eascraíonn as cleachtais fhorbartha i gceantair ina bhfuil teanga faoi bhrú cheana féin. Ní fadhb í a bhaineann leis an tír seo amháin. Aithníonn An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Ó hIfearnáin agus Parry na heastáit tithíochta ach go háirithe mar bhagairt don teanga.

Tugtar, trí fhorálacha éagsúla san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, faoi réiteach a fháil ar na fadhbanna pleanála i gceantair Ghaeltachta.

Tá an cheist dlí pléite agus tá tuairim údarásach ann go seasfadh an tAcht seo dúshlán Bunreachtúil. Ar ndóigh níl anseo ach tuairim agus tógfaidh sé cás dlí le breith na Cúirte a fháil.

Leagann Ó Riagáin trí bhuncheist síos gur gá do phleanálaithe a fhreagairt agus iad ag tabhairt faoi bheartais phleanála a mbeadh impleachtaí cultúir leo. Is í mo thuairim go mbeidh freagra áirithe ar na ceisteanna céanna nuair a fhoilseofar torthaí an staidéir teangeolaíoch atá ar bun thar cheann na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag Acadamh na hOllscoile Gaillimh. Thabharfadh freagra ar cheist a haon áfach “what is the current linguistic situation ...” (Ó Riagáin 1978 p200) eolas dúinn ar an dá cheantar atá faoi chaibidil agam sa taighde seo. Is ag Ó Loingsigh 2000 agus 2005 is mó atá ábhar scríofa maidir le feidhmiú an Achta. Tá ceist pholasaithe, táscairí feidhmíochta agus mheasúnú tionchair teanga pléite aige agus moltaí cinnte déanta aige maidir lena bhfeidhmiú.

Céard is gá a dhéanamh?

Tá gá ag an bpointe seo dar liom féachaint níos géire ar fheidhmiú an Achta ó lá go lá i gceantar Gaeltachta Údarás Pleanála na Gaillimhe. Feicim trí chuid leis an gceist áirithe seo:

- Cén chaoi a thugann Údarás Pleanála na Gaillimhe aird ar fhorálacha an Achta ach go háirithe Alt 10.(2)(m) ina chuid polasaithe?
- Cén chaoi a thugann an tÚdarás Pleanála feidhm do na polasaithe céanna mar atá léirithe aige ina Phlean Forbartha Contae.
- An bhfuil aon chuid de mholtaí Uí Loinsigh glactha ag an Údarás Pleanála agus má tá cén chaoi a bhfuil siad á bhfeidhmiú?

Breathnóidh mé anois ar conas freagraí a fháil ar na ceisteanna sin thuas.

CAIBIDIL 3 Modheolaíocht

Sa chaibidil seo déanaim cur síos ar na modhanna a d'úsáid mé agus mé ag lorg freagraí ar an gceist taighde atá aitheanta agam thíos. Is í an bhuncheist a d'aithin mé tar éis dom an léirbhreithniú litríochta a dhéanamh:

Conas atá Comhairle Contae na Gaillimhe (an t-údarás pleanála) ag feidhmiú reachtaíochta pleanála i gcomhthéacs na bhforálacha teanga agus Gaeltachta atá san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 agus i gcomhthéacs polasaithe agus cuspóirí na Comhairle féin?

Táim tar éis cuardach a dhéanamh féachaint an bhfuil aon chur chuige sa litríocht a chabhródh liom tabhairt faoin anailís atá beartaithe agam a dhéanamh sa taighde seo. Nílím tar éis dada a aimsiú agus mar sin leagaim amach thíos an cur chuige a d'úsáid mé. Is meascán de thaighde cáilíochtúil agus thaighde cainníochtúil atá in úsáid agam. Tá dhá chuid leis an taighde – Comhthéacs an Taighde agus an phríomhchuid Comhairle Contae na Gaillimhe agus Feidhmiú an Achta.

Comhthéacs an Taighde

Bhí gá le comhthéacs a thabhairt don taighde agus smaoinigh mé ar an méid a bhí le rá ag Ó Riagáin (1978) agus é ag labhairt faoin scóip chun maitheasa atá ag pleanálaithe réigiúnacha i gcomhthéacs impleachtaí cultúir gur gá dóibh trí cheist a fhreagairt ar dtús. Ar an gcéad cheist astu sin bhí “What is the current linguistic situation and how is it changing?” (Ó Riagáin 1978 p200) agus mheas mé go dtabharfadh freagra ar an gceist sin an comhthéacs don taighde seo.

Ar dtús roghnaigh mé ceantar an Spidéil agus na bhForbacha mar ba léir gurb iad an dá cheantar ba ghníomhaí ó thaobh pleanála de i nGaeltacht na Gaillimhe. Is ar an mbealach seo thíos a roinn mé an obair.

Pictiúr den cheantar – dreach fisiciúil

Rinne mé anailís ghairid ar a bhfuil scríofa faoin dá cheantar ag Comhairle Contae na Gaillimhe agus An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta chun léargas a fháil orthu ó thaobh dreach fisiciúil de ach go háirithe.

Suíomh Reatha na Teanga

An Daonáireamh

Chun an suíomh reatha sa dá cheantar a mheas bhí gá an suíomh thar tréimhse áirithe de bhlianta a léiriú. Chun é sin a dhéanamh rinne mé scagadh ar fhigiúirí an daonáirimh thar tréimhse 21 bliain. Ní raibh an t-ábhar ar fáil go sách mion agus d'iarr mé briseadh síos ón bPríomh Oifig Staidrimh. Chuir an oifig sin “Small Area Population Statistics” (SAPS) ar fáil dom bunaithe ar na trí Thoghroinn Cheantair a chlúdaíonn An Spidéal agus Na Forbacha.

Rinne mé anailís chomparáideach ar na figiúirí a bhí ar fáil sna “Small Area Population Statistics” (SAPS). Is iad na figiúirí a bhain leis an daonra, an nGaeilge agus le líon na dtithe a d'iarr mé mar gur theastaigh uaim athruithe ar na treochtaí lonnaíochta, daonra agus teanga a aithint agus a léiriú. Is iad na blianta idir 1981 agus 2002 a roghnaigh mé mar gur mheas mé gur tréimhse shampla sách fada a bhí inti chun pictiúr soiléir a fháil ar na hathruithe a tharla. Bhreathnaigh mé freisin ar mhinicíocht labhairt na Gaeilge de réir na ndaonáireamh idir 1996 agus 2002 os rud é gur athraíodh an cheist i 1996. Leag mé amach na figiúirí i bhfoirm táblaí agus rinne mé nóta de na príomhathruithe mar a chonaic mé iad.

Scéim Labhairt na Gaeilge

Os rud é nach raibh figiúirí daonáirimh 2006 ar fáil go críochnúil rinne mé anailís chomparáideach ar fhigiúirí Scéim Labhairt na Gaeilge idir na blianta 1993 agus 2005 le pictiúr a fháil ar na treochtaí teanga sna blianta sin atá chomh gar agus is féidir do thréimhse an taighde.

Tuairim Áitiúil

Mheas mé go raibh gá tuairim áitiúil a fháil ar na hathruithe atá ag tarlú ó thaobh na teanga de sa phobal agus chuige sin chuir mé agallamh ar cheannaire pobal sa Spidéal. (Ó Droighneáin 19 Iúil 2006)

Comhairle Contae na Gaillimhe (an tÚdarás Pleanála) agus Feidhmiú an Achta

Agus mé ag ullmhú don ghné seo den taighde bhreathnaigh mé ar an obair i dtrí chuid mar atá Forálacha cuí an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 agus na Rialacháin a ghabhann leo; Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe agus Iarratais Phleanála.

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 agus Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001.

Tar éis dom dul siar ar na forálacha a bhaineann leis an nGaeilge agus leis an nGaeltacht san Acht roghnaigh mé díriú go háirithe ar Alt 10.(2)(m) a leagann dualgas sainordaitheach ar an údarás pleanála cuspóir, a bhaineann le cosaint oidhreacht teanga agus cultúir na Gaeltachta mar aon le cur chun cinn na Gaeilge, a bheith ina phlean forbartha. Bhí gá freisin Alt 47 den Acht a thógáil san áireamh mar gur baineadh leas go minic as ins na coinníollacha a ceanglaíodh le cead pleanála. As na Rialacháin a eisíodh i 2001 roghnaigh mé na cinn sin a thugann ról don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus d'Údarás na Gaeltachta ach an t-údarás pleanála a bheith den bharúil go mbeadh tionchar ábhartha ag iarratas pleanála ar oidhreacht teanga agus cultúir na Gaeltachta mar aon le cur chun cinn na Gaeilge. Tá na forálacha thuas mar chúlbhrat don chuid eile den taighde.

Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe

Dhírigh mé go speisialta i m'anailís ar an bPlean Forbartha Contae ar na haidhmeanna, polasaithe agus na cuspóirí a dhéileáil le ceist na Gaeilge agus na Gaeltachta. Léiríonn siad seo dearcadh na Comhairle i dtaobh forálacha an Achta. Bhreathnaigh mé freisin ar pholasaithe agus chuspóirí go mbeadh tionchar acu ar phleanáil sa Ghaeltacht.

Iarratais Phleanála

Shocraigh mé ar bhreathnú ar na hiarratais phleanála sin ar dhá theach nó níos mó idir na blianta 2003 agus 2005 i gceantar An Spidéil agus i gceantar na bhForbacha. Roghnaigh mé na blianta seo ar dhá fháth:

- tháinig Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe i bhfeidhm i 2003
- trí chóras na n-aighneachtaí agus na n-achomharc tharlódh sé nach mbeadh cinneadh glactha ar iarratais a aighneofaí ó thús 2006 ar aghaidh

Roghnaigh mé dhá theach nó níos mó ar dhá chúis freisin:

- bhí i bhfad an iomarca iarratas ar thithe aonarach le déileáil leo taobh istigh de thaighde mar seo
- mar go bhfuil sé mar pholasaí sa phlean forbartha contae go mbeadh Ráiteas Tionchair Teanga (RTT) de dhíth le hiarratas ar dhá theach nó níos mó

Scagadh na gComhad Pleanála

D'úsáid mé córas ar líne atá ag Údarás Pleanála na Gaillimhe chun scagadh a dhéanamh ar na hiarratais phleanála sa dá cheantar. Mar go raibh deacrachtaí teicniúla leis an gcóras sin d'iarr mé na comhaid phleanála uile a bhain le tréimhse mo thaighde agus rinne mé scagadh orthu ceann ar cheann. Ní mór dom a admháil gur cuireadh cód uimhreacha na n-iarratas phleanála ar fáil dom rud a ghearr síos cuid mhaith den am chuardaigh. Is ag díriú ar cheist na teanga, i gcomhthéacs polasaithe an údaráis phleanála thuasluaite, a bhí mé agus an cuardach ar siúl agam. Chuir mé an toradh seo i láthair mar thábla ionas go bhféadfaí léargas ginearálta de na hiarratais a fháil in aon phictiúr amháin. (Iarratais Phleanála)

Roghnaigh mé sampla an ceantar as an dá cheantar chun scagadh níos iomláine a dhéanamh orthu agus chun pictiúr níos iomláine a thabhairt ar conas ar tógadh forálacha an Achta agus polasaithe an údaráis phleanála féin san áireamh sa phróiseas. Bhí tábhacht ar leith leis an dá iarratas seo sa mhéid is gur cuireadh tús le treo oibre ag an mBord Pleanála i gceann amháin agus go bhfuil an cuma ón gceann eile go bhfuil athrú treo á ghlacadh ag an údarás phleanála.

Agallaimh

Agus mé ag déanamh scagadh ar na comhaid iarratais ba léir dom go mbeadh gá le cur chuige eile chun soiléiriú níos iomláine a fháil ar phróisis, chritéir agus chórais a bhí in úsáid má bhí. Chuige sin roghnaigh mé agallaimh a lorg ar na trí mhórpháirtí go bhfuil ról tugtha dóibh faoin Acht nó faoi Rialacháin bunaithe ar an Acht mar atá, Údarás Pleanála na Gaillimhe, An Roinn Ghnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta. D'úsáid mé na hagallaimh freisin chun go bhfaighinn féin tuiscint níos fearr ar an gcóras phleanála go ginearálta. Cuireadh na ceisteanna chuig na daoine a d'iarr mé agallaimh orthu roimh ré. Phléigh mé feidhmiú an Achta le

Ceannaire Pobail an Spidéil thuasluaite chomh maith. (féach Agallaimh do na ceisteanna a pléadh).

Treoirínite NASC

Ní raibh treoirínite NASC ar fáil go dtí Aibreán 2005, dhá bhliain tar éis don Phlean Forbartha Contae teacht i bhfeidhm agus mar sin mheas mé nach mbeadh sé ceart leas a bhaint astu chun measúnú a dhéanamh ar chur chuige an údaráis phleanála. Agus é sin ráite bhí ionadaíocht ag na páirtithe thuasluaite ar an ngrúpa oibre a réitigh na treoirínite agus cheap mé go m'fhiú roinnt ceisteanna a chur fúthu i m'agallaimh leo. Le soiléiriú a fháil ar an smaointeoireacht a bhí taobh thiar de roinnt de na treoirínite labhair mé le Ciarán Ó Loingsigh ó Institiúid Thiobraid Árann a bhí mar stiúrthóir ar an ngrúpa oibre. (Ó Loingsigh 13/07/06). Sa chás go raibh sé soiléir go raibh moltaí ó na treoirínite in úsáid thagair mé dó sin.

CAIBIDIL 4 Na Ceantair faoi chaibidil – An Spidéal agus na Forbacha

Sa chuid seo den taighde déanaim anailís chainníochtúil agus cháilíochtúil ar an dá cheantar atá roghnaithe agam don taighde, mar atá An Spidéal - a chlúdaíonn toghroinn cheantair an Spidéil agus toghroinn cheantair Chill Aithninn - agus ceantar na bForbacha. Aithníonn Plean Forbartha na Gaillimhe 2003-2009 go bhfuil an ceantar Gaeltachta ó Bhearna go Carna faoi mhórbhrú agus mar chuid den bhrú seo aithnítear imirce-isteach sa cheantar. (County Development Plan 2003-2009 p 69). Roghnaigh mé an dá cheantar seo mar go bhfuil siad taobh istigh de mhórchéantar forbartha Chathair na Gaillimhe agus tá siad faoi bhagairt, ó thaobh na Gaeilge de, de bharr an tslí ina bhfuil An Chathair ag brú amach sna ceantair mháguaird. Is anseo freisin, taobh amuigh den Cheathrú Rua, a tháinig an chuid is mó de na hiarratais ar fhorbairtí ar dhá theach nó níos mó chun cinn le linn tréimhse an taighde. Is mar fhreagra ar cheist a d'ardaigh Ó Riagáin (1978 p200) ar sheasamh reatha na teanga a thugaim faoin bpíosa seo den taighde.

An Spidéal

Dreach Fisiciúil

Tá sráidbhaile an Spidéil lonnaithe thart ar 18 Km ó Chathair na Gaillimhe. Deir An Spidéal Pre-Draft Document (2003) gur fhorbair sráidbhaile an Spidéil ar dhá thaobh den bhóthar (R336) a théann ó chathair na Gaillimhe siar trí cheantar Gaeltachta Chonamara theas. Tá nasc-bhóthar ón Spidéal go dtí Maigh Chuilinn agus is timpeall an chrosbhóthair a d'fhás an baile. Aithnítear an sráidbhaile mar gheata do Ghaeltacht Chonamara.

Tá dhá chaladh, atá fós in úsáid, An tSean Cé agus An Ché Nua ann agus tá trá álainn, Trá na mBan ann ag a mbíodh Brat Gorm ach a chaill an stádas sin de bharr fadhbanna séarachais sa cheantar. Tá an fharraige tábhachtach don cheantar mar áis do thurasóirí agus mar fhoinse fostaíochta. Tagann críoch nádúrtha le teorainn thiar an tsráidbhaile ag Abhann an Bholuisce.

Tá foirgnimh an tsráidbhaile ar stíl agus méid éagsúla agus is d'úsáid tráchtála atá a bhformhór go háirithe ag leibhéal na sráide. Tá bunscoil ar an mbaile, atá lonnaithe ar dhá shuíomh agus tá Meánscoil, Teach Cúirte Leabharlann, Stáisiún Gardaí agus

Oifig an Phoist ar an mbaile freisin. Tá an séipéal Caitliceach ar an bpríomh sráid agus ar thailte an tséipéil tá seanséipéal Chill Éanna, iarsma de mhainistir agus séipéal na marbh de chuid Eaglais na hÉireann. (An Spidéal Pre-Draft Document p17)

Tá an sráidbhaile lonnaithe i dhá thoghroinn cheantair mar atá An Spidéal, a chlúdaíonn 3,549 heicteár agus Cill Aithninn a chlúdaíonn 7,010 heicteár. (An Spidéal Pre-Draft Document). I bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2003-2009 tá An Spidéal aitheanta mar ionad lonnaíochta ina cheadófar timpeall 80 teach nua le linn tréimhse an phlean. (County Development Plan 2003-2009 p18)

Nóta: Tá na táblaí thíos bunaithe ar fhiigiúirí a chuir an Phríomhoifig Staidrimh chugam. Is leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta táblaí Scéim Labhairt na Gaeilge.

Patrún Lonnaíochta

Patrún Lonnaíochta – Toghroinn Cheantair an Spidéil				
Líon na dTithe				
1981	1986	1991	1996	2002
265	275	306	318	401

Tábla 1: Daonáirimh 1981 – 2002. Small Area Population Statistics, CSO.

Tá sé le léamh ó na figiúirí thuas gur tháinig fás céimseach ar líon na dtithe ó 1981 go dtí 1996 cé go raibh méadú de 31 teach idir 1986 agus 1991. Is idir 1996 agus 2002 a tháinig an méadú is mó – méadú de 73 teach. Is fás 51.3 faoin gcéad i líon na dtithe é a tharla thar tréimhse 21 bhliain.

An Daonra

Daonra i dToghroinn Cheantair an Spidéil				
1981	1986	1991	1996	2002
1108	1118	1196	1166	1253

Tábla 2: Daonáirimh 1981 – 2002. Small Area Population Statistics, CSO.

Arís tá fás céimseach ar an daonra ach le titim de 30 duine sa phobal idir 1991 agus 1996. Tagann an léim sa daonra de 78 idir 1986 agus 1991 leis an léim de 31 i líon na dtithe sa tréimhse chéanna. Is fás 13 faoin gcéad a tharla sa daonra sa 21 bliain. Deir figiúirí ón Oifig Staidrimh linn gur mhéadaigh líon na dtithe sa cheantar seo le duine amháin iontu ó 50 i 1996 go 100 sa bhliain 2002.

An Ghaeilge

Seachas idir 1986 agus 1991 tá ardú céimseach i líon na ndaoine a deir go bhfuil Gaeilge acu. (Tábla 3). Mar chéatadán den phobal áfach is titim atá i gceist ó 82.12 faoin gcéad go 80.44 faoin gcéad idir 1981 agus 2002. Níl aon phatrún ar leith ann ar líon na ndaoine a deir nach bhfuil Gaeilge acu. Is 10.7 faoin gcéad d'ardú a tháinig i líon na ndaoine a dúirt go raibh Gaeilge acu thar an 21 bliain ach bhí ardú de 36.5 faoin gcéad i líon na ndaoine a dúirt nach raibh Gaeilge acu.

An Ghaeilge i dToghroinn Cheantair an Spidéil					
	1981	1986	1991	1996	2002
Le Gaeilge 3+	910	937	930	976	1008
Gan Ghaeilge 3+	134	125	217	112	183

Tábla 3: Daonáirimh 1981–2002. Small Area Population Statistics, CSO.

Athraíodh an cheist sa daonáireamh i 1996 chun a fháil amach cé chomh minic is a labhraíonn daoine Gaeilge. Is mar seo atá na figiúirí sin.

Minicíocht labhairt na Gaeilge i dToghroinn Cheantair an Spidéil						
	Le Gaeilge	Labhairt go laethúil	Labhairt go seachtainiúil	Ní chomh minic	Riamh	Gan freagra
1996	976	825	54	57	7	33
2002	1008	813	92	68	17	18

Tábla 4: Daonáirimh 1996–2002. Small Area Population Statistics, CSO.

Cé gur tháinig fás ar líon na ndaoine a deir go bhfuil Gaeilge acu idir 1996 agus 2002 bhí titim sa líon a deir go labhraíonn siad í go laethúil. (Tábla 4).

Is titim é sin ó 84.5 faoin gcéad go 80.65 faoin gcéad thar sé bliana.

De bharr nach bhfuil figiúirí daonáirimh ar fáil don tréimhse 2002 ar aghaidh lorg mé figiúirí do Scéim Labhairt na Gaeilge ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta mar aon le figiúirí na nDeontas Tithíochta Gaeltachta chun pictiúr áirithe de threocht na teanga a fháil idir 2002 agus 2005. Ar fáthanna do-sheachanta ní raibh figiúirí ón Scéim Deontais Tithíochta ar fáil dom.

Scéim Labhairt na Gaeilge

Tá toradh measctha le léamh i dTábla 5 thíos. Tháinig ardú ar an éileamh ar an deontas sna blianta 1997 – 1999. Ar an iomlán áfach tá titim de 20 teaghlach a chuir isteach ar dheontas labhairt na Gaeilge sa tréimhse idir 1993 agus 2005. Is ionann sin agus titim de 22.47 faoin gcéad.

In ainneoin sin tá ardú de deich gcéad ar líon na dteaghlach ar éirigh leo an deontas iomlán a fháil. Maidir le líon na dteaghlach a thuill an deontas laghdaithe bhí titim de 56.6 faoin gcéad nó ó 30 teaghlach go 13 teaghlach i gceist.

Toghroinn Cheantair An Spidéil				
Líon na dTeaghlach sa Spidéal a lorg deontas Scéim Labhairt na Gaeilge				
Líon na dTeaghlach a rinne iarratas ar S.L.G.	Líon a thuill an Deontas Iomlán	Líon a thuill an Deontas Laghdaithe	Líon Diúltaithe	Scoilbhliain
89	50	30	9	1993/94
80	64	11	5	1994/95
80	63	14	3	1995/96
87	64	16	7	1996/97
91	67	20	4	1997/98
95	50	31	14	1998/99
80	51	24	5	1999/00
82	51	20	11	2000/01
85	49	25	11	2001/02
84	58	21	5	2002/03
69	57	10	2	2003/04
69	55	13	1	2004/05

Tábla 5: Figiúirí curtha ar fáil ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Tuairim Áitiúil

Mar chuid den taighde seo labhair mé le Cathaoirleach, Coiste Ghlor na nGael, An Spidéal. Is coiste é seo atá tar éis leas a bhaint as an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 chun seasamh na Gaeilge a chosaint ón imirce isteach agus ó chinntí éiginnte an údaráis phleanála. Tá An Cathaoirleach den tuairim gur daoine ó thaobh amuigh de cheantar na Gaeltachta 80 faoin gcéad díobh siúd a lonnigh sa Spidéal le tamall de bhlianta anuas, go háirithe sna heastáit tithíochta. Chuir Coiste Glór na nGael scéim foghlamtha teanga ar bun agus ba as na heastáit tithíochta nua roinnt mhaith díobh siúd a d'fhreastail ar na ranganna. “Thuigeadar go raibh dualgas éicint orthu féin luí isteach le teanga na háite,”(Ó Droighneáin 19/07/06). Ba dheacair áfach do choiste deonach áitiúil seirbhís mar seo a choinneáil ag imeacht. Bhraith An

Cathaoirleach go mb'fhéidir go mbeadh réiteach áirithe sa chur chuige seo ach é a bheith curtha ar bhonn foirmiúil b'fhéidir i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus Acadamh na hOllscoile mar shampla. (Ó Droighneáin 19/07/06).

Cill Aithninn

Tá Cill Aithninn san áireamh sa chur síos thuas ar an Spidéal.

Patrún Lonnaíochta

Patrún Lonnaíochta – Toghroinn Cheantair Chill Aithninn				
Líon na dTithe				
1981	1986	1991	1996	2002
185	220	241	256	286

Tábla 6: Daonáirimh 1981 – 2002. Small Area Population Statistics, CSO.

Amhail An Spidéal tá sé le léamh ó na figiúirí thuas (Tábla 6) gur tháinig fás céimseach ar líon na dtithe ó 1981 ach nár tháinig aon léim mhór in aon tréimhse ar leith. Is méadú de 101 teach sa tréimhse ar fad nó ardú 54.6 faoin gcéad thar an 21 bliain a tharla sa toghroinn cheantair seo. Is ionann sin agus trí faoin gcéad níos airde ná an t-ardú i líon na dtithe i dtoghroinn cheantair an Spidéil sna blianta céanna.

An Daonra

Daonra i dToghroinn Cheantair Chill Aithninn				
1981	1986	1991	1996	2002
748	781	847	840	831

Tábla 7: Daonáirimh 1981 – 2002. Small Area Population Statistics, CSO.

Tá an cuma ar an scéal go bhfuil titim chéimseach sa daonra idir 1991 agus 2002. Tá seo tarlaite in ainneoin méadú nach beag i líon na dtithe sa tréimhse chéanna. Ar an iomlán tá méadú sa daonra de 11.1 faoin gcéad nó 83 duine thar an 21 bliain.

An Ghaeilge

An Ghaeilge i dToghroinn Cheantair Chill Aithninn					
	1981	1986	1991	1996	2002
Le Gaeilge 3+	570	691	723	731	719
Gan Ghaeilge 3+	136	49	93	68	85

Tábla 8: Daonáirimh 1981 – 2002. Small Area Population Statistics, CSO.

Feicimid ó thábla 8 go bhfuil méadú de 149 duine nó ardú ó 76.2 faoin gcéad den phobal go dtí 86.5 faoin gcéad den phobal a deir go bhfuil Gaeilge acu. Sa tréimhse chéanna tá titim i líon na ndaoine a deir nach bhfuil Gaeilge acu ó 18.18 faoin gcéad go dtí 10.5 faoin gcéad den phobal.

Minicíocht labhairt na Gaeilge i dToghroinn Cheantair Chill Aithninn						
	Le Gaeilge	Labhairt go laethúil	Labhairt go seachtainiúil	Ní chomh minic	Riamh	Gan freagra
1996	731	628	23	29	4	47
2002	719	632	31	38	3	15

Tábla 9: Daonáirimh 1996 – 2002. Small Area Population Statistics, CSO.

Is spéisiúil cé gur laghdaigh líon na ndaoine a dúirt go raibh Gaeilge acu sa tréimhse ó 1996 go 2002 tá méadú beag sa líon a deir go labhraíonn siad go laethúil í. Is 85.9 faoin gcéad de líon na ndaoine a dúirt go raibh Gaeilge acu a labhair go laethúil í i 1996. Bhí an figiúr sin ardaithe go 87.9 faoin gcéad faoi 2002.

Scéim Labhairt na Gaeilge

Amhail ceantar an Spidéil tá titim i líon na dteaghlach a rinne iarratas ar Scéim Labhairt na Gaeilge idir 1993 agus 2005. (Tábla 10). D'éirigh le 75.6 faoin gcéad díobh siúd a chuir isteach ar an deontas i 1993 an deontas iomlán a fháil. Bhí an céatadán sin ardaithe go 91.5 faoin gcéad i 2005 agus chomh maith sin bhí an líon a thuill an deontas iomlán ardaithe beagáinín ó 62 teaghlach go 65 teaghlach. Bhí líon na dteaghlach a thuill an deontas laghdaithe tite ó 16 go cúig nó titim de 68.75 faoin gcéad.

Líon na dTeaghlach i dToghroinn Cheantair Chill Aithninn a lorg deontas Scéim Labhairt na Gaeilge				
Líon na dTeaghlach a rinne iarratas ar S.L.G.	Líon a thuill an Deontas Iomlán	Líon a thuill an Deontas Laghdaithe	Líon Diúltaithe	Scoilbhliain
82	62	16	4	1993/94
76	60	15	1	1994/95
78	63	14	1	1995/96
75	66	7	2	1996/97
80	70	8	2	1997/98
80	55	21	4	1998/99
87	75	9	3	1999/00
84	67	13	4	2000/01
80	55	20	5	2001/02
72	59	11	2	2002/03
69	61	8	0	2003/04
71	65	5	1	2004/05

Tábla 10: Figiúirí curtha ar fáil ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Ceantar na bhForbacha

Leathpharóiste is ea Na Forbacha suite cois farraige idir Bearna agus an Spidéal agus 7 km siar ó Chathair na Gaillimhe ar an R336. Ó dheas den bhóthar seo tá Cuan na Gaillimhe agus

cuid de na tránna is fearr sa tír, thar a bheith feiliúnach i gcomhair snámh, bádóirí agus imeachtaí eile. (An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta)

Le tamall de bhlianta tá óstán tógtha agus is áis mhór don phobal í mar go bhfuil idir linn snámha agus seomra aclaíochta ann. Ach is é an Béarla teanga chumarsáide na foirne ann.

Ó thuaidh den bhóthar tá Oifig de chuid na Roinne Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus tá ceannáras Údarás na Gaeltachta taobh léi. Ó thuaidh de sin arís tá tírdhreach garbh Chonamara a luaigh mé thuas faoi cheantar an Spidéil. Tá séipéal, scoil agus oifig an phoist sa leathpharóiste seo.

I bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2003-2009 (p18) tá Na Forbacha aitheanta mar ionad lonnaithe ina cheadófar timpeall 29 teach nua le linn tréimhse an phlean.

Patrún Lonnaithe

Patrún Lonnaithe – Toghroinn Cheantair na bhForbacha				
Líon na dTithe				
1981	1986	1991	1996	2002
184	215	240	280	361

Tábla 11: Daonáirimh 1981 – 2002. Small Area Population Statistics, CSO.

Tá sé le léamh ó na figiúirí thuas (Tábla 11) gur tháinig fás níos sciobtha ar líon na dtithe sa cheantar seo i gcomparáid leis An Spidéal idir 1981 agus 2002. Arís is idir 1996 agus 2002 a tháinig an méadú is suntasaí. Is fiú a áireamh gur 81 teach sa bhreis a tógadh sna Forbacha, gur ceantar tuaithe é, i gcomparáid le 73 teach ar shráidbhaile an Spidéil. Bhí méadú an-mhór de 177 teach i líon na dtithe sa cheantar nó 95.16 faoin gcéad thar an 21 bhliain.

An Daonra

Tá ardú de 70 faoin gcéad nó 524 duine tagtha ar an daonra i gceantar na bhForbacha sa tréimhse seo rud atá intuigthe ag tógáil an fháis i líon na dtithe san áireamh. (Tábla 12). Tá sé deacair a shamhlú go mbeadh aon phobal teanga in ann imirce-isteach den leibhéal seo a chomhtháthú gan dochar a dhéanamh do sheasamh na teanga sa phobal.

Daonra i dToghroinn Cheantair na bhForbacha				
1981	1986	1991	1996	2002
748	784	839	1090	1272

Tábla 12: Daonáirimh 1981 – 2002. Small Area Population Statistics, CSO.

An Ghaeilge

An Ghaeilge i dToghroinn Cheantair na bhForbacha					
	1981	1986	1991	1996	2002
Le Gaeilge 3+	570	574	637	722	847
Gan Ghaeilge 3+	136	162	161	185	353

Tábla 13: Daonáirimh 1981 – 2002. Small Area Population Statistics, CSO.

Is 76 faoin gcéad den phobal a dúirt i 1981 go raibh Gaeilge acu agus faoin am gur tháinig 2002 bhí sin tite go 66.5 faoin gcéad. (Tábla 13). Dúirt 18.18 faoin gcéad den phobal nach raibh Gaeilge acu i 1981 agus ba é 27.75 faoin gcéad a dúirt an rud céanna i 2002.

Minicíocht labhairt na Gaeilge i dToghroinn Cheantair na bhForbacha						
	Le Gaeilge	Labhairt go laethúil	Labhairt go seachtainiúil	Ní chomh minic	Riamh	Gan freagra
1996	722	457	81	144	29	11
2002	847	476	125	189	51	6

Tábla 14: Daonáirimh 1996 – 2002. Small Area Population Statistics, CSO.

De líon na ndaoine a dúirt go raibh Gaeilge acu i 1996 bhí 63.29 faoin gcéad á labhairt go laethúil. (Tábla 14). B'ionann sin agus 41.9 faoin gcéad den phobal ina iomlán. Faoi 2002 bhí céatadán na gcainteoirí Gaeilge laethúla tite go 56.19 faoin gcéad díobh siúd a dúirt go raibh Gaeilge acu. B'ionann sin agus 37.42 faoin gcéad den phobal ina iomlán.

Scéim Labhairt na Gaeilge

Tá sé le léamh ó na figiúirí i dTábla 15 thíos gur ag dul a mhalairt treo d'fhiúirí an Spidéil atá siad seo. Tá méadú de 18 teaghlach i líon na n-iarratasóirí nó 45 faoin gcéad agus tá méadú 100 faoin gcéad i líon na dteaghlach ar éirigh leo an deontas iomlán a fháil ó 14 go 28 teaghlach. Tá méadú freisin ar líon na dteaghlach a thuill an deontas laghdaithe ó 16 go 21. Agus sin ráite nuair a thógtar san áireamh go raibh 361 teach sa cheantar i 2002 agus go bhfuil curtha leis an líon sin ó shin is líon an-bheag a chuir iarratas isteach ar dheontas scéim labhairt na Gaeilge.

Toghroinn Cheantair: Na Forbacha				
Líon na dTeaghlach sna Forbacha a lorg deontas Scéim Labhairt na Gaeilge				
Líon na dTeaghlach a rinne iarratas ar S.L.G.	Líon a thuill an Deontas Iomlán	Líon a thuill an Deontas Laghdaithe	Líon Diúltaithe	Scoilbhliain
40	14	15	11	1993/94
48	22	15	11	1994/95
53	27	16	10	1995/96
50	19	19	12	1996/97
48	20	17	11	1997/98
46	15	13	18	1998/99
36	17	14	5	1999/00
42	20	18	4	2000/01
47	18	17	12	2001/02
39	17	18	4	2002/03
52	21	22	9	2003/04
58	28	21	9	2004/05

Tábla 15: Figiúirí curtha ar fáil ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

CAIBIDIL 5 Feidhmiú forálacha Gaeilge agus Gaeltachta an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 ag Comhairle Contae na Gaillimhe

Sa chaibidil seo féachaim ar fheidhmiú an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 ag Comhairle Contae na Gaillimhe (an tÚdarás Pleanála) ar dhá leibhéal. Breathnaím ar dtús ar pholasaithe agus chuspóirí an údaráis phleanála féin i gcomhthéacs na forála sainordaithe den Acht mar atá Alt 10.(2)(m). Ina dhiaidh sin féachaim ar na hiarratais phleanála do cheantar an Spidéil agus na bhForbacha féachaint conas ar tugadh feidhm do na polasaithe agus cuspóirí céanna ó lá go lá. Mar go dtugtar ról ar leith don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus d'Údarás na Gaeltachta faoi Rialachán 28.(1)(n) agus Rialachán 82.(3)(m), mar shampla, de Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 breathnaím freisin ar conas a thugtar feidhm don Ról céanna. (S.I. No. 600 of 2001 pp37 & 85)

Dualgas Plean Forbartha Contae a ullmhú

Tá dualgas ar gach údarás phleanála faoi Alt 9 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 plean forbartha a ullmhú gach sé bliana. Faoi Alt 10 den Acht céanna ní mór don údarás phleanála straitéis fhoriomlán a leagan amach do phleanáil chúil agus forbairt inmharthana ceantar an phlean forbartha. Mar chuid den straitéis sin is gá cuspóirí an údaráis phleanála don cheantar i gceist a shainiú. Leagann Alt 10.(2) dualgas ar an údarás phleanála cuspóirí áirithe a bheith san áireamh. (Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 pp32-33).

I measc na gcuspóirí sainordaitheacha sin faoi Alt 10 tá Alt 10.(2)(m) a leagann síos gur gá i gceantar ina bhfuil Gaeltacht cuspóir a bheith sa phlean forbartha a áiríonn:

the protection of the linguistic and cultural heritage of the Gaeltacht including the promotion of Irish as the community language, where there is a Gaeltacht area in the area of the development plan. (Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 p34).

Is é an County Development Plan 2003-2009 (Plean Forbartha Contae) an chéad phlean forbartha a d'ullmhaigh údarás phleanála na Gaillimhe ó tháinig an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 i bhfeidhm agus is i Roinn 10 den phlean sin a leagtar amach tuairimí, polasaithe agus cuspóirí an údaráis phleanála i dtaobh na Gaeilge agus na Gaeltachta. Aithnítear sa phlean oidhreacht uathúil teanga agus cultúr na

Gaeltachta agus gur aidhm Náisiúnta í iad a chaomhnú agus a chosaint. Aithnítear freisin gur ról Údarás Pleanála na Gaillimhe é cabhrú leis an aidhm sin a bhaint amach:

By granting planning permission with special consideration to Irish speaking applicants or those who may qualify under the rural housing policy and by imposing conditions which will ensure the stabilisation and the promotion of Irish as a community language (County Development Plan 2003-2009 p68)

Deirtear sa phlean forbartha go bhfuil an pobal teanga sa Ghaeltacht go mór faoi bhrú agus ar cheann de na foinsí brú sin aithnítear daoine gan Ghaeilge a bheith ag bogadh isteach sa cheantar Gaeltachta. (County Development Plan 2003-2009 p69). Aithnítear leis go bhfuil cuid de na ceantair Ghaeltachta i nGaeltacht na Gaillimhe níos láidre ná a chéile. Molann an plean go dtabharfaí tacaíocht do dhaoine Gaeilge a fhoghlaim. Ar na ráitis is láidre atá sa phlean forbartha tá:

Any development, which in the opinion of the Planning Authority would have a significant negative impact on the Irish language and the Gaeltacht, will be refused.
(County Development Plan 2003-2009 p69)

Is dóigh liom go dtagann an méid sin thuas le héirim an Achta ach is gá breathnú níos mine ar pholasaithe agus ar chuspóirí an údaráis phleanála chun feidhmiú forálacha an Achta a dheimhniú nó a mhalairt.

Cé nach bhfuil an sliocht sin thuas faoi “significant negative impact” ainmnithe mar pholasaí nó mar chuspóir faoin bplean forbartha is ráiteas an-láidir é sa phlean agus mheas mé go m’fhiú a fháil amach cén slat tomhais atá ag an údarás pleanála chun “significant negative impact” a mheas. Ní léir go bhfuil slat tomhais ann. Dúradh liom gur “value judgement” a bheadh ann agus i ndáiríre go mbeadh “socio-linguistic assessment necessary”, tuairim a d’aontódh Ó Loingsigh (2005) léi, agus nach raibh na scileanna ag an údarás pleanála féin le tabhairt faoi sin. Tagraíodh don taighde atá coimisiúnaithe ag an Aire Gnóthaí Pobal, Tuaithe agus Gaeltachta ar sheasamh teangeolaíoch na Gaeltachta agus an gá a bheadh ann fanacht ar thorthaí an taighde sin chun slat tomhais cinnte a shocrú. (Kavanagh 27/07/06) Nuair a d’iarr mé sampla ar conas a thógfaí a bhfuil ráite sa phlean forbartha san áireamh tugadh freagra samplach de dhá iarratas phleanála dom agus iad curtha i gcomparáid le chéile - iarratas amháin ar scéim thithe do dhaoine áitiúla agus iarratas eile ar thithe saoire sa cheantar céanna. Dúradh gur beag tairbhe don phobal nó don cheantar a bheadh i

dtithe saoire a bhíonn folamh naoi mí den bhliain de ghnáth ach gur cabhair a bheadh i scéim tithe do dhaoine áitiúla chun tithe a chur ar fáil dóibh siúd nach mbeadh talamh ag a muintir. Chuirfeadh a leithéid de scéim le hinmharthanacht an cheantair. Dúradh liom leis go dtógtar “the advantages of one against the disadvantages of the other” chun “impact” a mheas. (O Neill 27/07/06). Bhí an tuairim chéanna ag Ó Loingsigh faoi dhochar na dtithe saoire. (Ó Loingsigh 13/07/06). Tá tuilleadh faoi seo agam thíos faoi iarratas pleanála ar 51 teach sa Spidéal.

Polasaithe agus Cuspóirí Chomhairle Contae na Gaillimhe

Is iad polasaithe 205 go 209 den phlean forbartha na polasaithe a dhíríonn ar cheist na Gaeltachta agus is iad cuspóirí 68 go 72 den phlean a chlúdaíonn an cheist chéanna. (County Development Plan 2003-2009 pp69-71). Deir Polasaí 205 go mbreathnóidh an t-údarás pleanála go fabhrach ar iarratais phleanála áirithe. I measc na nithe a luaitear tá iarratais ar:

- Language teaching resources
- Houses for native speakers
- Educational facilities
- Tourism which is language centred
- Irish speaking families

(ibid pp69-70)

Is chur chuige frithghníomhach é seo dar le Ó Loingsigh (2000) sa mhéid is go bhfuil an t-údarás pleanála ag gníomhú bunaithe ar iarratais phleanála.

Baineann Polasaí 206 le comharthaíocht a bheith i nGaeilge amháin sa Ghaeltacht le siombail idirnáisiúnta aitheanta. Tá tuilleadh faoi seo thíos. (County Development Plan 2003-2009 p70)

Deir Polasaí 207 a smachtaítear trí DC Standard 37 go ndéanfar an tionchar ar an nGaeltacht a d'fhéadfadh a bheith ag iarratais phleanála atá gar don Ghaeltacht féin a mheas. (ibid 70-85). Nuair a d'iarr mé soiléiriú ar conas a dhéantar an polasaí seo a fheidhmiú is é an freagra a tugadh dom go raibh sé deacair forbairtí taobh amuigh den Ghaeltacht a smachtú i gcomhthéacs na Gaeltachta. (O Neill 27/07/06)

Baineann Polasaí 208 le tacú le hÚdarás na Gaeltachta a ról mar áisíneacht forbartha a chomhlíonadh agus tiocfaidh mé don ghaol idir an údarás pleanála agus Údarás na Gaeltachta níos faide thíos. (County Development Plan 2003-2009 p70)

In alt 10.9 leagtar síos go mbeidh “Language Impact Statement” (Ráiteas Tionchair Teanga) ag teastáil le haon iarratas ar dhá theach nó níos mó nó i gcás iarratasóra ar níos mó ná teach amháin sa cheantar céanna. (ibid.) Deir Polasaí 209 go ndéanfar an gá le Ráiteas Tionchair Teanga agus coincheap “Language Enurement Clause” a phlé i gcomhthéacs Plean Limistéir Áitiúil don Ghaeltacht. (ibid.) (Féach thíos iarratas pleanála 03/3990.) Os rud é nár réitíodh aon Phlean Limistéir Áitiúil don Ghaeltacht go fóill ní dhearnadh a bhfuil sa pholasaí seo a phlé. Tá breis agam féin faoi seo thíos. Cé nach léir go mbaineann Polasaí 210, a bhaineann le haontú ainmneacha eastáit tithíochta leis an údarás pleanála, leis an nGaeltacht feicimid thíos go bhfuil sé á chur i bhfeidhm i gcomhthéacs Gaeltachta chomh maith. (ibid. p71)

Leagann Cuspóir 68 síos go mbeidh seirbhísí pleanála ar fáil trí Ghaeilge ó oifig na Comhairle Contae ar an gCeathrú Rua. (ibid. pp70-71). Níl seo tarlaithe go fóill ach deimhníodh dom go bhfuil cruinnithe réamh-phleanála ar fáil i nGaeilge san oifig phleanála i nGaillimh ach iad a lorg. (O Neill 27/07/06). Leagtar síos i gCuspóir 69 go dtosófar ar Phlean Limistéir Áitiúil (PLA) a ullmhú do Ghaeltacht na Gaillimhe a luaithe is a ghlactar leis an bPlean Contae. Bhí beagnach trí bliana caite de shaol an phlean sular cuireadh tús leis na réamh-chruinnithe poiblí chun an Plean Limistéir Áitiúil (PLA) a phlé. (County Development Plan 2003-2009 p71). Tá tuilleadh faoi thábhacht an PLA thíos. Is gá a rá anseo go bhfuil dualgas ar an údarás pleanála faoi Alt 20.(2) den Acht dul i gcomhairle le hÚdarás na Gaeltachta, sula dtugann sé faoi phlean do cheantar ina bhfuil Gaeltacht, a dhéanamh, a leasú nó a aisghairm. (Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 p45). Ón agallamh a rinne mé le Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta is léir go ndearnadh teagmháil leis an Údarás faoi phleananna a bhí á n-ullmhú do cheantar an Spidéal agus cheantar na Ceathrú Rua. Ní raibh an Príomhfheidhmeannach in ann a rá áfach cén seasamh reatha a bhí ag ceachtar den dá phlean cé go raibh a fhios aige nár glacadh le Plean an Spidéal go hoifigiúil ag na comhairleoirí contae. In ainneoin sin dúirt an t-údarás pleanála le hÚdarás na Gaeltachta “our developments for the Spiddal area are informed by this particular

plan". (Ó hAoláin 17/07/06). Tá plé áirithe tosaithe idir an dá údarás faoin bplean Gaeltachta atá á ullmhú faoi láthair agus a luaigh mé thuas faoi chuspóir 69. (Ó hAoláin 17/07/06). Deirtear faoi Chuspóir 70 go dtabharfar aitheantas do thábhacht eacnamaíochta, shóisialta agus cultúir na Gaeilge don Ghaeltacht. (County Development Plan 2003-2009 p71). Ní léir ón bplean conas a thugtar feidhm dó seo ach gur dócha go bhfuil sé ceangailte le Polasaí 205 thuasluaite ina deirtear go mbreathnófar go báúil ar iarratais phleanála áirithe agus go dtiteann na hiarratais sin faoi chúrsaí eacnamaíochta, sóisialta agus cultúir. Ar bharr sin is é a dúradh liom go gclúdófaí a lán dá bhfuil i gceist i bPlean Limistéir Áitiúil. (Kavanagh 27/07/06) Leagann Cuspóir 71 (County Development Plan p71) sprioc roimh an údarás pleanála córas a leagan síos faoinar féidir gnéithe d'éiteas na Gaeltachta a mheas agus a chosaint. Feictear don údarás pleanála go bhfuil sé ag tabhairt feidhm don chuspóir seo tríd an gconradh a aontaítear faoi Alt 47 den Acht, faoina bhfuil tuilleadh eolais thíos agus trí Ráiteas Tionchair Teanga (RTT) a lorg ó fhorbróirí atá ag tógáil níos mó ná teach amháin. (O'Neill 27/07/06).

Is é Cuspóir 72 an údaráis phleanála go ndéanfaidh an t-údarás pleanála cinnte go dtabharfaidh conraitheoirí atá fostaithe acu aird mar is cuí ar an gcultúr ina n-oibríonn siad. Seachas a rá go mbeadh Gaeilge ag a bhfostaithe níor léir go bhfuil córas ar leith ann chun an cuspóir seo a bhaint amach. (O'Neill 27/07/06).

Polasaithe, Cuspóirí agus Foráil Alt 10(2) den Acht

Cé go deir Ó Loingsigh (2000):

the Planning and Development Act should not become the principal mechanism for the protection of the Gaeltacht. (p3)

is léir go bhfuil Údarás Pleanála na Gaillimhe tar éis Alt 10.(2)(m) a thógáil go dáiríre sa mhéid is go bhfuil polasaithe agus cuspóirí leagtha síos acu a d'fhéadfadh cosaint bhreá a thabhairt d'oidhreacht teanga agus cultúir na Gaeltachta agus go deimhin cabhrú le cur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht dá dtabharfaí feidhm cheart dóibh. Bhí an méid seo le rá faoi pholasaithe an údaráis phleanála ag cigire de chuid an Bhoird Phleanála ina thuairisc ar chás a tháinig chun cinn i 2004:

The policies of the Galway County Council Development Plan relating to the Gaeltacht are quite specific, clearly expressed and oriented towards the likely effect of any development on the language in the

area. These policies and objectives place a considerable onus on the operation of development control in the county. There is clearly a need for local area plans to provide guidance, both to the public and to those engaged in the development control process.
(Uimhir Thagartha PL07.208725 p10)

Tá mar a tharlaíonn go minic feidhm níos fearr á tabhairt do chuid de na polasaithe agus na cuspóirí ná mar atá do chuid eile ach is gá na hiarratais ar chead pleanála a iniúchadh chun pictiúr níos iomláine a fháil.

Feidhmiú Praiticiúil an Achta ó lá go lá

Iarratais Phleanála - An Mórphictiúr

Is tríd an gcóras iarratas ar chead pleanála a thugtar feidhm praiticiúil don Acht um Pleanáil agus Forbairt agus don phlean forbartha contae ó lá go lá. Ins an tréimhse idir 2003 agus 2005 rinneadh 17 iarratas ar chead pleanála idir an dá cheantar, naoi gcinn sa Spidéal agus ocht gcinn sna Forbacha. (Iarratais Phleanála pp1-8).

Cuireadh Ráiteas Tionchair Teanga ar fáil nó lorgaíodh é i gcás sé cinn d'iarratais an Spidéil agus sé cinn d'iarratais na bhForbacha. Bhí seo ag teacht lena bhfuil in Alt 10.9 den phlean forbartha thuasluaite.

An Spidéal

Bhí iarratas amháin i gceantar an Spidéil ar Ar-Ostán nó Aparthotel le 89 seomra agus cé gur lorgaíodh cead dó mar thionscadal gnó léiríodh imní sna haighneachtaí ina thaobh go bhféadfadh go gcríochnódh sé mar mheascán de thionscadal gnó agus thionscadal cónaithe a mbeadh tionchar diúltach aige ar an nGaeilge mar theanga phobail. Dhiúltaigh an tÚdarás Pleanála agus an Bord Pleanála don iarratas seo. Bhí an baol don teanga i measc na fáthanna a tugadh agus an t-iarratas á dhiúltú.
(Uimhir Thagartha 04/5509).

As an ocht n-iarratas eile bhí iarratais ar 89 teach agus 44 árasán ina iomlán i gceantar an Spidéil. Astu sin cheadaigh an t-údarás pleanála 87 teach agus 44 árasán agus bhí conradh i dtaobh coinníoll teanga le haontú faoi Alt 47 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (féach thíos) idir an forbróir agus an t-údarás pleanála i

gcás sé cinn de na h-iarratais sin. Bhí seo ag comhlíonadh Cuspóir 71 (County Development Plan 2003-2009 p71) dar leis an údarás pleanála féin. Is fiú a rá dar liom go bhfuil Ó Loingsigh den tuairim go dtagann na coinníollacha teanga seo le pleanáil chuí agus forbairt inmharthana. (Ó Loingsigh 13/07/06).

Níor leagadh an coinníoll teanga síos go soiléir sa choinníoll a ceanglaíodh le haon chead pleanála. Is 80 aonad cónaithe a bhí aitheanta mar spriocuumhir do cheantar an Spidéil do thréimhse an Phlean Forbartha 2003 – 2009. (County Development Plan 2003-2009 p18). Rinneadh achomharc chuig an mBord Pleanála i dtaobh péire as an ocht n-iarratas, ceann ar 17 teach (Uimhir Thagartha 03/5988) agus ceann eile ar 51 teach. (Uimhir Thagartha 05/1336). Bhí deis níos fearr anois ag pobal na háite a mhíshástacht a chur in iúl faoi na forálacha nua san Acht i dtaobh na Gaeltachta. (Ó Droighneáin 19/07/06). Cheadaigh An Bord Pleanála an t-iarratas ar 17 teach gan aon choinníoll teanga a cheangail leis mar nach raibh coinníoll leis an gcead imlíneach a bhí faighte faoi Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 1997-2002 roimhe sin. (Uimhir Thagartha PL 07.131436).

Ba spéisiúil an ní a luaigh Cigire an Bhoird Phleanála ina thuairisc don Bhord. Cé go raibh sé ag moladh gan choinníoll teanga a cheangail ar na fáthanna thuas dúirt sé dá mbeadh na tosca difriúil go molfadh sé go mbeadh ceangail teanga ar 75 faoin gcéad de na tithe i gceist. Bhí an céatadán sin i bhfad níos airde ná an 62 faoin gcéad a cheangal an t-údarás pleanála i gconradh faoi Alt 47 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 i gcás iarratais uimhir 03/4373 sa cheantar céanna. (Iarratais Phleanála p1). Dhiúltaigh An Bord Pleanála don iarratas eile ar 51 teach ar fháthanna éagsúla, ceist na teanga san áireamh. (Uimhir Thagartha PL 07. 215918). Is fiú a shoiléiriú gur tharraing an t-iarratasóir an t-iarratas ar 51 teach thuasluaite siar nuair a chéadchuir sé isteach ar chead pleanála tar éis dul i gcomhairle leis an údarás pleanála agus nuair ba léir go ndiúltófaí don iarratas dá leanfadh sé ar aghaidh leis. Níor áirigh mé an t-iarratas sin i líon na dtithe thuas agus fillfidh mé air agus mé ag déanamh anailíse níos mine ar chur chuige an údaráis phleanála níos faide síos. Bhí mar sin 36 teach agus 44 árasán ceadaithe i gceantar an Spidéil sna trí bliana idir 2003 agus 2005. Mar sin bhí sprioc na n-aonad cónaithe faoin bPlean Forbartha Contae 2003-2009 sroichte taobh istigh de thrí bliana agus ar ndóigh níl tithe aonair san áireamh sna

figiúirí thuas. Faoi Pholasaí 18 den Phlean Forbartha Contae tá cead diall de idir 30 faoin gcéad agus 50 faoin gcéad ón spriocuímhír. (County Development Plan 2003-2009 p25).

Na Forbacha

As an ocht n-iarratas sna Forbacha idir 2003 agus 2005 is leasú i gcás iarratas eile a bhí i bpéire acu. Bhí iarratais ar 53 teach agus 21 árasán le linn na tréimhse. Astu sin tharraing forbróirí siar a n-iarratais ar 15 teach agus sé árasán rud a d'fhág iarratais ar 38 teach agus 15 árasán. (Iarratais Phleanála pp5-8). Cheadaigh an t-údarás pleanála 29 teach agus 15 árasán ar fad agus arís bhí Conradh faoi Alt 47 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 i dtaobh coinníoll teanga le haontú idir an forbróir agus an t-údarás pleanála i gcás cúig cinn de na h-iarratais sin. Ní raibh sonraí an chonartha soiléir sa choinníoll a ceanglaíodh leis an gcead. Rinneadh achomharc chuig an mBord Pleanála i gcás ceithre iarratas. I litir chuig an údarás pleanála i Márta 2006 mheabhraigh Airdeall don údarás pleanála go raibh sé mar pholasaí ag Airdeall achomharc a dhéanamh chuig an mBord Pleanála i gcás cead pleanála nach raibh an coinníoll teanga sonraithe. (Uimhir Thagartha 06/450 Údarás Pleanála na Gaillimhe). Tarraingíodh siar ceann de na hiarratais le linn dó a bheith os comhair an Bhoird Phleanála. As na trí iarratas a bhí fágtha dhiúltaigh an Bord d'iarratas ar deich dteach (Uimhir Thagartha 05/1789; PL 07.216054) agus leag sé srian teanga de 60 faoin gcéad agus 66 faoin gcéad faoi seach ar an dá iarratas eile le caighdeán líofachta Gaeilge scéim na ndeontas tithíochta de chuid na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta le bheith mar shlat tomhais don chaighdeán a bheadh ag teastáil. Tá an srian teanga seo le bheith i bhfeidhm ar feadh 15 bliana. D'fhág sin 18 teach agus 15 árasán ceadaithe do cheantar na bhForbacha do na blianta 2003-2005. Níl tithe aonair san áireamh sna figiúirí ar ndóigh. Is 29 aonad cónaithe an spriocuímhír a bhí aitheanta do thréimhse an Phlean Forbartha leis an diall uaidh sin idir 30 faoin gcéad agus 50 faoin gcéad. (County Development Plan 2003-2009 pp18- 25).

Alt 47 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000

Faoi Alt 47 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 tá cead ag údarás pleanála conradh a aontú le haon duine d'fhonn forbairt nó úsáid talún a theorannú nó a rialú. (Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 p70). Agus mé ag scrúdú na gcomhad i gcás

an Spidéil tháinig mé ar fhianaise ar chonradh amháin a bheith aontaithe i dtaobh úsáid 18 árasán as 29 a bhí ceadaithe a bheith srianta do dhaoine le Gaeilge. (Uimhir Thagartha 03/4373). Bhí an srian le bheith i bhfeidhm ar feadh tréimhse deich mbliana agus ba é an caighdeán Gaeilge go raibh súil leis ná caighdeán Scéim na nDeontas Tithíochta. Is scéim í seo de chuid na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ina ndéantar caighdeán Gaeilge na n-iarrthóirí a mheas. Tháinig mé ar fhianaise de chonradh aontaithe eile i gcás iarratais amháin (Uimhir Thagartha 04/3688) sna Forbacha, inar leagadh srian teanga ar dhá árasán as sé cinn ar feadh tréimhse deich mbliana. Is fiú a nótáil anseo as an dá chonradh a bhí aontaithe faoi Alt 47 bhí an srian ar líon na dtithe do dhaoine le Gaeilge, 62 faoin gcéad i gcás an Spidéil agus 33 faoin gcéad i gcás na bhForbacha, i bhfad níos ísle ná an céatadán daoine sna pobail sin a dúirt go raibh Gaeilge acu agus fiú níos ísle ná an céatadán den phobal a dúirt gur labhair siad Gaeilge go laethúil. Shílfeá ón dá shampla thuas go bhfuil bearna ag oscailt idir polasaí agus feidhmiú an pholasaí ag an údarás pleanála. Is deacair fiú cosaint na hoidhreachta teanga a fheiceáil gan trácht ar chur chun cinn na teanga ón dá chonradh seo. As an dá shampla thuas ó cheantar na bhForbacha a ndearnadh achomharc ina dtaobh chuig an mBord Pleanála bhí an Bord ag leagan sriain ar a dhá oiread d'aonaid chónaithe ná mar a bhí an t-údarás pleanála áitiúil. Mar a dúirt Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta:

Tá an Bord Pleanála ag leagan síos tairseach ag leibhéal níos airde. (Ó hAoláin 17/07/06)

Is cóir a rá gur tháinig mé ar chonarthaí samplacha i gcomhaid phleanála eile ach nár léir ó na comhaid sin ar síníodh aon chonradh i gcás na n-iarratas céanna ach nuair a cheistigh mé an t-oifigeach faoi seo dúradh liom nach gá go mbeadh gach cáipéis sna comhaid. Tá breis faoi ábhar na gconarthaí thíos.

Córas na n-Iarratas Pleanála

Foirmeacha

Tá raidhse foirmeacha agus ábhair a bhaineann leis an gcóras seo agus tá na foirmeacha is an t-ábhar seo ar fáil go dátheangach nó i nGaeilge agus i mBéarla. (Foirmeacha pleanála). Tá teacht ag an bpobal ar na foirmeacha seo ag an Oifig Pleanála in oifigí na Comhairle Contae. Seachas na foirmeacha dátheangacha is i

mBéarla amháin atá na foirmeacha ar fáil ar shuíomh idirlíon na Comhairle Contae. Is foirm choiteann í an fhoirm iarratais ar chead pleanála bíodh an t-iarratas do theach amháin nó do níos mó ná sin. Níl aon tagairt don Ghaeilge ar an bhfoirm iarratais. Molann Ó Loingsigh (2005) i dTreoirínte NASC go mbeadh ceist i dtaobh na Gaeilge ar an bhfoirm iarratais agus in Aguisín 3 dá threoirínte tugann sé sampla de shé cheist go m'fhiú a bheith ar an bhfoirm. Níl aon tagairt ar an bhfoirm iarratais ach oiread do riachtanas an Ráitis Tionchair Teanga cé mar a chonaiceamar thuas in alt 10.9 den Phlean Forbartha Contae 2003-2009 go deirtear go mbeidh “Language Impact Statement” ag teastáil le haon iarratas ar dhá theach nó níos mó agus gur í an aidhm atá leis an Ráiteas Tionchair Teanga seo:

To assess the likely impact of the proposed development on the usage of Irish within the Gaeltacht area.
(County Development Plan 2003-2009 p70)

Tá ceist ar an bhfoirm iarratais áfach, ceist a 14, faoi fhorbairt go bhfuil Ráiteas Tionchair **Timpeallachta** ag teastáil ina leith. Tá seo bunaithe ar a bhfuil i Sceideal 5 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001. (S.I. No. 600 of 2001 pp208-216). I Sceideal 6 de na Rialacháin chéanna leagtar amach an “Information to be contained in an EIS” (ibid. p217).

Is maith ann í an cheist seo dar liom ach is spéisiúil nach bhfuil riachtanas an Ráitis Tionchair Timpeallachta ar an seicliosta de na rudaí gur gá a bheith in éindí le hiarratas pleanála agus é á aighniú. I dtreoirínte NASC (Ó Loingsigh 2005) luaitear go mb'fhéidir ceist na teanga agus na Gaeltachta a thógáil san áireamh i bpolasaithe a éilíonn Ráiteas Tionchair Timpeallachta agus go mb'fhéidir freisin moltaí a bheith san áireamh a léireodh conas tionchar diúltach a mhaolú. (Ó Loingsigh 2005 p13)

Ráiteas Tionchair Teanga (RTT)

Admhaíonn an t-údarás pleanála go bhfuil roinnt mhaith forbróirí ann nach bhfuil ar an eolas faoin Ráiteas Tionchair Teanga. (O'Neill 27/07/03). Tá an admháil seo inti féin spéisiúil i bhfianaise a bhfuil ráite sa Phlean Forbartha Contae thuasluaite. Is léir ó na comhaid iarratais gur gá don údarás pleanála Ráiteas Tionchair Teanga a lorg go rialta tar éis d'iarratais a bheith aighnithe. Faoi mar a léirigh mé thuas faoin Ráiteas Tionchair Timpeallachta tá rialacháin agus sampla den fhaisnéis atá de dhíth eisithe ag an Rialtas.

Shoiléirigh Údarás Pleanála na Gaillimhe dom nach bhfuil aon chritéir nó treoirlínte leagtha síos acu i dtaobh na faisnéise a bheadh an t-údarás ag lorg i Ráiteas Tionchair Teanga nó RTT. (Kavanagh, O Neill 27/07/06) Bhíodh treoirlínte ina taobh faoin bPlean Forbartha Contae 1997-2002. (<http://83.71.207.21/webscans/713824.pdf>)

Is í an nósmaireacht atá ann go n-ullmhaíonn comhairleoirí pleanála an RTT thar cheann an iarratasóra. Tá an easpa treorach seo le brath ó na RTT a scrúdaigh mé sna comhaid iarratais mar gur féidir éagsúlacht mhór a bheith eatarthu. Baintear úsáid as figiúirí na ndaonáireamh don chuid is mó chun an pointe a chruthú nach bhfuil fás sa daonra tar éis an céatadán de líon na ndaoine a bhfuil Gaeilge acu a laghdú mórán. Ach mar a thaispeáin mé thuas tá líon na ndaoine gan Ghaeilge, go háirithe i gceantar na bhForbarcha, an ceantar is mó fáis don tréimhse a d'úsáid mé chun na treochtaí a mheas, ag méadú an t-am ar fad. Nochtann Ó Loingsigh an tuairim:

While the Census returns will, in one sense, address this issue, they are limited in scope and are excessive in their intervals to be the only indicators used.

(Ó Loingsigh 2005 p8)

Dúirt Cathaoirleach Ghlór na nGael an Spidéil (Ó Droighneáin 19/07/06), gurb ón taobh amuigh den cheantar atá 80 faoin gcéad de na daoine a bhog isteach sna heastáit tithíochta nua ansin agus gur beag Gaeilge a raibh acu. Bhí RTT le hiarratas pleanála amháin (Uimhir Thagartha 03/4916) a d'aithin an baol a d'fhéadfadh a bheith ann don teanga ins an bhforbairt a bhí á beartú agus a dúirt go dtabharfadh an forbróir lacáiste deich faoin gcéad ar phraghas na n-árasán dóibh siúd a bhí in ann a chruthú go raibh Gaeilge líofa acu. Is 50 faoin gcéad de na hárasáin a bhí i gceist leis an moladh seo. (Féach an dá iarratas samplacha thíos le haghaidh breis eolais).

D'aontaigh Údarás Pleanála na Gaillimhe gur beag comhairleoir pleanála atá chun béim a chur ar an taobh diúltach d'iarratas pleanála a chliaint. (O Neill 27/07/06). Is pointe é seo dar liom a thugann tacaíocht d'argóint Uí Iffernáin (2005) gur páirtí neamhspleách den iarratasóir agus den údarás pleanála gur cóir an RTT a ullmhú.

Molann Ó Loingsigh go n-ullmhófaí liosta de tháscairí ar a bhféadfadh forbróirí Ráiteas Tionchair Teanga a bhunú. (Ó Loingsigh 2005 pp10-11). Cuireann sé sampla de

tháscairí ar fáil in Aguisín 1 dá threoirlínte. (ibid pp34-36). Clúdaíonn siad nithe ar nós líon na ndaoine a úsáideann Gaeilge go pearsanta, san ionad oibre, i naíonraí, sna scoileanna.

Faoi Alt 33.(3)(a) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 is féidir leis an Aire Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil rialacháin a ullmhú chun eolas i dtaobh na forbartha a lorg ón iarratasóir ar chead pleanála féachaint cén tionchar a bheadh ag an bhforbairt ar an nGaeilge sa Ghaeltacht. Tá ceacht le foghlaim dar liom ón gcur chuige timpeallachta agus b'fhéidir go bhfuil an t-am tagtha d'eisiúint na rialachán céanna i dtaobh tionchar forbairtí ar thodhchaí na teanga go háirithe mar theanga an phobail.

Déileáil le hlarratais Ghaeltachta

Thagair mé thuas don fhoirm iarratais agus don seicliosta a chuirtear ar fáil ag an údarás pleanála le gur féidir leis an iarratasóir a chinntiú go bhfuil a iarratas bailí ach gach rud cuí ar an seicliosta a chur ar fáil. Cuireann an tÚdarás Pleanála an-bhéim ar “pre-planning meetings” ina phléitear riachtanais an údaráis phleanála agus riachtanais an iarratasóra araon don fhorbairt atá beartaithe. (O'Neill 27/07/06).

Dheimhnigh an t-údarás pleanála go scríobhfaí chuig an iarratasóir i ngach cás nach mbeadh RTT aighnithe leis an iarratas ag lorg an RTT d'aon fhorbairt ar dhá theach nó níos mó. Déantar seo mar gur polasaí de chuid an údaráis phleanála atá i gceist. Cuireadh RTT ar fáil i mbeagnach gach cás ach ní léir ó na comhaid cén leas a baineadh as na RTT céanna. Tá a gcuid figiúirí féin ag an údarás pleanála le cur i gcomparáid le RTT an iarratasóra sa chás go meastar gur gá sin. (O'Neill 27/07/06).

Iarratais Shamplacha

Breathnaím anois ar dhá iarratas ar leith, ceann sna Forbacha agus ceann eile sa Spidéal. Téim tríd an gcéad iarratas a bheag nó a mhór céim ar chéim chun córas an iarratais a léiriú. Is ar nithe a bhaineann leis an nGaeilge a dhírím m'aird. Aighníodh iarratas ar an 30 Márta 2004 chun sé árasán agus 14 teach, sé aonad gnó agus dhá oifig a thógáil ag Cnocán an Bhodaigh sna Forbacha, i gContae na Gaillimhe.

(<http://83.71.207.21/webscans/705195.pdf>) . Tugadh uimhir thagartha 04/1454 don iarratas seo. Aighníodh Ráiteas Tionchair Teanga (RTT) leis an iarratas. Is léir ón RTT

nach bhfuil an t-iarratasóir i gcoinne coinníoll teanga a bheith ceangailte le cead tógála má fhaigheann sé an cead sin. I measc na n-aonad gnó samhlaíodh go bhféadfadh “Language Centre” a bheith i gceann díobh “to promote the use of Irish in the area”. (RTT p5). Deirtear san ábhar leis an iarratas:

To avoid negative impact on the use of Irish in the area, dwelling units will be provided to a proportional number of Irish speakers.
(<http://83.71.207.21/webscans/705195.pdf>)

Shílfeá ón dá mholadh sin, “Language Centre” agus céatadán na n-aonad cónaithe a bheith ar fáil do chainteoirí Gaeilge go raibh céimeanna maolaithe á moladh ar nós mar a mhol Ó Loingsigh thuas. (Ó Loingsigh 2005 p13).

Chuir an t-údarás pleanála in iúl don iarratasóir go raibh aighneacht faighte aige i dtaobh an iarratais. Is ar cheist baol don teanga amháin a bhí an aighneacht.

(<http://83.71.207.21/webscans/709676.pdf>)

Tugadh freagra don údarás pleanála ar an aighneacht thuas thar ceann an iarratasóra inar leagadh amach moltaí i dtaobh coinníollacha teanga.

(<http://83.71.207.21/webscans/713824.pdf>).

Ar an 21 Bealtaine 2004 chuir an t-údarás pleanála in iúl don iarratasóir go mbeadh air líon na n-aonad cónaithe a theorannú go 15 aonad cónaithe. Is ar mhaithe le haidhmeanna an údaráis phleanála i dtaobh na Gaeilge a rinneadh sin.

(<http://83.71.207.21/webscans/714969.pdf>). Bhí an chéad chéim glactha ag an údarás pleanála chun an Ghaeilge a chosaint sa cheantar. Bhí seo ag teacht le hAlt 10.(2)(m) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 agus le straitéis lonnaíochta an údaráis phleanála faoin bPlean Forbartha Contae. (County Development Plan 2003-2009 p18). Bhí le haon iarratas amháin seans go sárófaí os cionn leath de spriocuímhír lonnaíochta sé bliana don cheantar.

Ar an 19 Lúnasa 2004 eisíodh foirm C2 agus deonú cead pleanála le 18 coinníoll. Bhain trí cinn de na coinníollacha leis an teanga nó leis an gcultúr:

- Coinníoll 4 a bhain le comharthaíocht ar éadan na siopaí le bheith i nGaeilge amháin (Baineann seo le polasaí 206 den phlean forbartha p70)
- Coinníoll 14 a bhain le hainm na forbartha a aontú i scríbhinn leis an údarás pleanála agus go mbeadh an t-ainm céanna ag teacht leis an gcomhthéacs áitiúil os rud é go bhfuil an fhorbairt le bheith sa Ghaeltacht. (Baineann seo le Polasaí 210 den phlean forbartha p71)

- Coinníoll 15 inar leagadh síos go gcaithfí conradh a aontú idir an t-iaratasóir agus an t-údarás pleanála faoi Alt 47 den Acht sula gcuirfí tús leis an bhforbairt d'fhonn teorannú nó rialú a dhéanamh ar na h-aonaid chónaithe:

For the use of occupants who have an appropriate competence/fluency in Irish. Details of the standard of Irish and methods of evaluating same shall be agreed in writing with the planning authority prior to the finalisation of the legal agreement here conditioned.

(<http://83.71.207.21/webscans/738758.pdf>)

Chuir An Bord Pleanála in iúl don údarás pleanála go raibh achomharc faighte aige in aghaidh cinneadh an údaráis phleanála. (Uimhir Thagartha PL07.208725). Is ar easpa soiléireachta i gcoinníoll 15 den chead pleanála a rinneadh an t-achomharc céanna. Ní raibh cóip den chonradh ar fáil don achomharcóir ach cuireadh sampla de chonradh eile cosúil leis chuige - sampla mar a dúirt sé nach raibh aon chinnteacht ann an gcloíff leis i gcás an chead pleanála a raibh sé ag déanamh achomhairc air. Bhí ceathrar breathnóir eile a chuir tuairimí chun cinn freisin Údarás na Gaeltachta ina measc. Is comhlacht forordaithe é an tÚdarás faoi Alt 28.(1)(n) de Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001.

Ina thuairisc don Bhord (Uimhir Thagartha PL 07.208725) chuir cigire an Bhoird Phleanála béim ar leith ar choinníoll 15 thuasluaite agus ar na pointí inní a bhí léirithe ag an achomharcóir go háirithe nach raibh dualgais an Phlean Forbartha Contae faoi Alt 10.3 nó Alt 10.9 comhlíonta ag an údarás pleanála. Léirigh an cigire an tuairim go raibh líon na n-aonad cónaithe mar a bhí aontaithe ag an údarás pleanála inghlactha chomh maith leis na haonaid ghnó. Thagair sé freisin do pholasaithe an údaráis phleanála agus don aidhm a raibh aige, faoi chuspóir 69, Plean Limistéir Áitiúil a ullmhú don Ghaeltacht, na hionaid lonnaíochta san áireamh. Ní raibh plean ullmhaithe go fóill.

Thagair sé do mholtaí Choimisiún na Gaeltachta ach go háirithe don mholadh go dtabharfaí am breise do phobail ina raibh an Ghaeilge á labhairt go laethúil ag idir 40 faoin gcéad agus 50 faoin gcéad den phobal chun stádas Gaeltachta a bhaint amach. D'aithin sé go raibh seasamh na bhForbacha mar cheantar Gaeltachta i

mhaol. I gcás argóine an achomharcóra d'aontaigh an cigire go bunúsach lena argóint go raibh éiginnteacht sa chaoi go raibh coinníoll 15 scríofa agus dúirt sé:

I consider that there is a case for the main parameters to be specified in the condition, while details of the method of language assessment, controls on letting and the wording of the contract could be left to the agreement.

(Uimhir Thagartha PL07.208725 p12).

Agus é ag moladh coinníll le ceangal ar an iarratas mhol an cigire go mbeadh 60 faoin gcéad de na haonaid chónaithe teoranta do dhaoine le Gaeilge agus go mbeadh an teorainn seo ann ar feadh deich mbliana. Bhí an cigire den tuairim freisin:

Once a prospective occupant was deemed to satisfy the appropriate (language) criteria, enforcement should not operate at the level of monitoring actual daily language use in an essentially bilingual context.

(Uimhir Thagartha PL07.208725 p12).

Nuair a tháinig sé go cinneadh an Bhoird féin shonraigh An Bord i gcoinníoll 2 go mbeadh comhaontú faoi Alt 47 den Acht le cinntiú go mbeadh cuid de na haonaid chónaithe do dhaoine le líofacht sásúil acu sa Ghaeilge agus dúirt an Bord go mbeadh na nithe seo thíos san áireamh sa chomhaontú:

- Srian ar 60 faoin gcéad den fhorbairt do dhaoine le Gaeilge
- An srian i bhfeidhm ar feadh 15 bliana
- Caighdeán líofachta Gaeilge mar atá ag teastáil ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta faoi Scéim Thithíochta na Gaeltachta. Bhain an riail seo le ceann an teaghlaigh.
- Bhainfeadh an srian le teaghlaigh atá in áitíocht na dtithe.
- Ní féidir na tithe a ligean ar feadh níos mó ná trí mhí sa bhliain agus gan aon tréimhse ligean níos faide ná mí.

(Uimhir Thagartha

PL07.208725)

Bhí coinníollacha an-soiléir leagtha síos ag an mBord Pleanála. Is gá a rá áfach in ainneoin go raibh an comhaontú le bheith déanta sula gcuirfí tús leis an bhforbairt nílim in ann freagra a fháil ar an gceist ar tharla sé sin cé go bhfuil tús curtha leis an obair thógála.

“The application of Section 47 is not as stringent as set out,” a dúirt oifigeach de chuid an údaráis phleanála liom. Deimhníodh dom go gcaithfeadh an comhaontú a

bheith sínithe sula dtosófaí ag díol na n-aonad cónaithe. (O'Neill 27/07/03). Tá an méid sin thuas ráite faoi chonradh faoi Alt 47 in ainneoin Polasaí 83 de chuid an údaráis phleanála a deir i gcás “an enurement condition” nach gcuirfear tús le haon fhorbairt mura bhfuil an conradh faoi Alt 47 socraithe “within one month of the grant of planning permission”. (County Development Plan 2003-2009 p43)

Is léir ón méid sin thuas go dtógtar ceist na teanga dáiríre go maith in aon iarratas Gaeltachta ach go bhfuil mar a dúradh thuas tairseach níos airde ag an mBord Pleanála do chosaint oidhreacht na teanga sa Ghaeltacht thar mar atá ag an údarás pleanála.

Seoladh iarratas chuig an údarás pleanála i Meitheamh 2003 ag lorg cead 51 teach a thógáil sa Spidéal Thiar, Contae na Gaillimhe. (Uimhir Thagartha 03/3990). Ba é seo an t-iarratas is mó ar aonaid chónaithe a cuireadh faoi bhráid an údaráis phleanála le linn na tréimhse atá faoi chaibidil agam. Bhí sé ar cheann de na chéad iarratais a aighníodh faoin bplean forbartha contae nua. Níor aighnigh an t-iarratasóir Ráiteas Tionchair Teanga (RTT) leis an iarratas ach cuireadh ceann ar aghaidh i Mí Dheireadh Fómhair 2003 ar iarratas an údaráis phleanála. Is é an t-iarratasóir féin a d’ullmhaigh an RTT agus bhí an bhéim ar úsáid na Gaeilge le linn do na tithe a bheith á dtógáil. Bhí trí aighneacht i gcoinne an iarratais phleanála bunaithe ar cheist na teanga.

Tá meamram ar an gcód seo ó Stiúrthóir Pleanála an údaráis phleanála ina bhfuil cúpla pointe a thugann léargas ar dhearcadh na rannóige ar a pholasaí i dtaobh na Gaeilge agus ar an iarracht atá ar siúl polasaithe agus cuspóirí an phlean forbartha a chur i bhfeidhm. Aithníonn an meamram an dualgas atá ar Chomhairle Contae na Gaillimhe an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chosaint. Soiléiríonn sé nach bhfuil aon treoir faighte ag an gComhairle ar conas sin a dhéanamh. Míníonn sé go bhfuil cur chuige forbartha acu a cheaptar a chabhróidh leo an dualgas a chomhlíonadh. Is é an cur chuige sin ná gan cead pleanála a thabhairt d’eastáit tithíochta ach cead imlíneach a thabhairt agus ansin nuair atá i gceist ag duine teach a cheannach go mbeadh air cead pleanála a lorg bunaithe ar an gcead imlíneach. Ar an mbealach sin bheadh an t-údarás pleanála in ann líofacht teanga an duine a mheas agus chomh maith sin an “enurement clause” a cheangal leis an duine. D’eascair an moladh seo

as cruinniú idir an Stiúrthóir Pleanála agus an t-iarratasóir. Is léir ón meamram céanna nach gceadófaí 50 teach mar go raibh an-iomarca i gceist do cheantar an Spidéil. Nochtadh an tuairim go bhféadfaí an obair a dhéanamh ar bhonn céimnithe agus luadh deich dteach mar thús. (Uimhir Thagartha 03/3990)

Is fiú aird a tharraingt ar an tuairisc pleanála a d’ullmhaigh oifigeach pleanála de chuid an údaráis phleanála. Bhí an méid seo le léamh faoi cheist na teanga:

Notwithstanding the linguistic Impact Statement submitted by the applicant, the planning authority has grave concerns that the proposed development will have a negative impact on the linguistic and cultural heritage of the Gaeltacht given the magnitude of the proposal. As such the proposal if permitted, would contravene materially a development objective of the county development plan and would adversely affect the linguistic heritage of the Gaeltacht. (Uimhir Thagartha 03/3990)

Mar fhreagra air sin dúirt an t-iarratasóir go bhféadfaí an tógáil a dhéanamh de réir a chéile agus go raibh córas anois ag an údarás pleanála mar a cuireadh i bhfeidhm i gcás iarratas 03/4373. Is é sin an srian faoi Alt 47 thuasluaite. In ainneoin sin mhol an t-oifigeach pleanála go ndiúltofaí don iarratas. Bhí seasamh á ghlacadh ar mhaithe leis an teanga. Tharraing an t-iarratasóir siar a iarratas in Aibreán 2004 bunaithe ar an eolas thuas. (<http://83.71.207.21/webscans/708139.pdf>).

In Aibreán 2005 tháinig a chomhionann d’iarratas ón iarratasóir céanna. (Uimhir Thagartha 05/1336) os comhair an údaráis phleanála. Bhí RTT in éineacht leis an iarratas agus úsáideadh modh an Ráitis Tionchair Timpeallachta chun é a chur i láthair. Mar chuid den Ráiteas Tionchair Teanga (RTT) moladh bearta maolaithe ina mbeadh tástáil inniúlachta teanga ar aicmí daoine a samhlaíodh a bheith ina gcónaí sna tithe. Moladh eile a rinneadh ná go gceannódh Údarás na Gaeltachta nó an Chomhairle Contae, astu féin nó i gcomhar le chéile, an suíomh agus go ndíolfaí suímh as le daoine nach mbeadh tionchar diúltach acu ar stádas na Gaeilge sa cheantar. Sa chéad tuairisc ón oifigeach pleanála ar an iarratas seo déantar tagairt do na fáthanna a bhí le hiarratas 03/3990 a dhiúltú. Is spéisiúil nach luaitear an Ghaeilge nó an Ghaeltacht cé go raibh siad lárnach i measc na bhfáthanna mar is léir ón bpíosa thuasluaite. Cá bhfágann sin an píosa faoi iarratas 03/3990 a bheith ag sárú cuspóir forbartha an Phlean Forbartha Contae. An amhlaidh nach raibh aon “material contravention” an babhta seo nó baol d’oidhreacht teanga na Gaeltachta in

ainneoin gan an plean a bheith leasaithe idir an dá linn nó Plean Limistéir Áitiúil a bheith ullmhaithe? Ní bhfuair mé freagra ar an gceist sin.

Mhol an t-oifigeach pleanála go nglacfaí leis an iarratas an babhta seo agus ar an 13 Nollaig 2005 d'eisigh an t-údarás pleanála foirm C2 ag ceadú an iarratais le 16 coinníoll ceangailte leis. Bhí dhá choinníoll a bhain le cosaint oidhreacht teanga na Gaeltachta - coinníoll 8 a bhain le hainm na forbartha a bheith ag teacht leis an gcomhthéacs áitiúil (an fhorbairt a bheith sa Ghaeltacht) agus coinníoll 9 inar leagadh síos go gcaithfí Conradh a aontú idir an t-iarratasóir agus an t-údarás pleanála faoi Alt 47 den Acht sula gcuirfí tús leis an bhforbairt d'fhonn teorannú nó rialú a dhéanamh ar na h-aonaid chónaithe. (<http://83.71.207.21/webscans/967614.pdf>).

Ar an 20 Eanáir 2006 chuir an Bord Pleanála in iúl don údarás pleanála go raibh achomharc faighte aige i dtaobh an chead a bhí tugtha. (<http://83.71.207.21/webscans/973923.pdf>). Is trí achomharc ar fad a seoladh chuig an mBord Pleanála agus bhí péire acu sin a bhain le todhchaí na Gaeilge sa cheantar. Bhí tuairimí aighnithe ag beirt bhreathnóir. Ina thuairisc chuig an mBord Pleanála dúirt cigire an Bhoird agus é ag tagairt do scála na forbartha:

I am of the view that the planning authority should at least have justified its decision by demonstrating how the proposal complies with its settlement strategy.

(<http://www.pleanala.ie/alldec090606.html>)

(Uimhir thagartha PL 07.215918 p12)

Dúirt an cigire go raibh cur chuige an údaráis pleanála i dtaobh forbairt bhreise sa Spidéal contrártha go bunúsach d'fhorálacha an Plean Forbartha Contae.

(<http://www.pleanala.ie/alldec090606.html>)

(Uimhir Thagartha PL 07.215918 p13).

Cuireann sé béim ar thábhacht Plean Limistéir Áitiúil a bheith ullmhaithe don Spidéal. Deir sé gan an Plean seo go dtiocfaidh iarratais eile den chineál céanna chun cinn. Agus é ag tagairt do thionchar na forbartha ar an nGaeilge deir an cigire, i gcomhthéacs an iarratasóra a bheith oscailte do shrianta teanga ar úsáid na dtithe, go bhfuil cur chuige an-soiléir agus intuigthe oibrithe amach ag an mBord Pleanála maidir leis na srianta céanna. Tá an cur chuige seo bunaithe ar úsáid na teanga sa

phobal. Tá an cigire an-cháinteach faoi chur chuige údaráis phleanála na Gaillimhe agus deir sé go neamhbhalbh ag tagairt do choinníoll uimhir 9 thuasluaite:

This condition is completely deficient and could easily be exploited in such a way that regulation of occupancy by Irish speakers becomes valueless. The condition as laid down does not set out the main parameters to which the restriction of occupancy must adhere.

(<http://www.pleanala.ie/alldec090606.html>)

(Uimhir Thagartha PL07.215918 p15).

Deir an cigire freisin nár thuig sé meon an údaráis phleanála, go bhfuil sé ag seachaint a dhualgais maidir le príomhpharaiméadair an choinníll a bheith soiléir, agus arís deir sé “this can only be construed as unhelpful”. (ibid.) Molann sé go láidir go mbeadh an t-údarás phleanála réamhghníomhach i gcosaint agus i gcur chun cinn na teanga trí choinníollacha teanga a leagfadh srian áitíochta sna haonaid chónaithe ag leibhéal níos airde ná mar atá úsáid na teanga sa phobal.

Dhiúltaigh an Bord Pleanála don iarratas phleanála seo agus thug sé ceithre fháth dó sin. I bhfáth uimhir a trí tagraítear do pholasaí an Phlean Forbartha Contae an Ghaeilge a chothú agus a chaomhnú:

cosc a chur ar fhorbairt le tionchar diúltach suntasach ar Ghaeilge agus ar an nGaeltacht. Ag cur san áireamh scála na scéime tithíochta beartaithemeastar go dtarlódh soláthar iomarcach tithíochta ...i dtreo a sháródh cosaint oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta.

(Uimhir Thagartha PL 07.215918)

Mar fhreagra ar an gcáineadh láidir seo dúradh liom go bhfuil deacracht faoi bheith “prescriptive” mar go mb’fhéidir go dtarlódh “stagnation”. (Kavanagh 27/07/06)

Ról na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus Údaráis na Gaeltachta.

Tá sé ráite go lom sa Phlean Forbartha Contae go ndiúltófar d’aon fhorbairt a mheastar go mbeadh tionchar diúltach suntasach aici ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht. Sa chás go measann an t-údarás phleanála seo tá dualgas air, faoi rialacháin éagsúla de Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, An Roinn agus Údarás na Gaeltachta a chur ar an eolas. (S.I. No. 600 of 2001)

Faoi mar atá ráite thuas is “value judgement” atá i gceist anseo ó thaobh an údaráis phleanála de agus mar sin bhí mé fiosrach cén córas a bhí in áit ó thaobh na Roinne agus an Údaráis de chun a chinntiú go bhfeidhmítear de réir mar atá leagtha síos sna

Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001. Tá an Roinn agus an tÚdarás an-soiléir gur gnó é seo don údarás pleanála agus measann siad go mbreathnófaí air amháil is go rabhadar ag cur a ladar i ngnó an údaráis phleanála dá nglacfaidís céim le teacht ar shocrú faoin Rialachán seo. (Ó hAinmhire, Ó hAoláin 17/07/06).

Faoi Alt 143.(1) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 tá dualgas ar an mBord Pleanála aird mar is cuí a thabhairt do pholasaithe agus chuspóirí an Rialtais. Tá imní faoi eastáit tithíochta léirithe ag an Roinn don Bhord Pleanála i litir dar 22 Lúnasa 2004 agus an baol atá iontu do thodhchaí na teanga mar theanga an phobail. Tá an chuma ar an scéal go bhfuil an Bord Pleanála tar éis éirim na litreach seo a thabhairt ar bord. (An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta 2004).

Tá Údarás Pleanála na Gaillimhe tar éis dul i gcomhairle leis an Roinn faoin gcóras measúnú líofachta atá in úsáid ag an Roinn don Scéim Deontas Tithíochta. Thug an Roinn gach tacaíocht agus comhairle don údarás pleanála agus tá córas na Roinne curtha in oiriúint chun gur féidir coinníollacha ina bhfuil Conradh i dtaobh na teanga faoi Alt 47 a chur i bhfeidhm. (Ó hAinmhire 17/07/06). Tá curtha in iúl ag an Roinn d'údaráis phleanála ina bhfuil Gaeltacht ina gceantar go bhfuil An Roinn ag déileáil le polasaí teanga sa Ghaeltacht agus go bhfuil socraithe acu le hÚdarás na Gaeltachta gur é an tÚdarás a dhéileálfaidh le ceisteanna pleanála sa Ghaeltacht ó lá go lá i gcomhthéacs polasaí na Roinne Gnóthaí Pobal, Tuaithe agus Gaeltachta. (ibid.) Tá an Roinn den tuairim go gcuireann Údarás Pleanála na Gaillimhe gach iarratas pleanála a thagann ó cheantar Gaeltachta na Gaillimhe faoi bhráid na Roinne. (ibid.)

Níl bunús foirmiúil oibre idir Údarás na Gaeltachta agus Údarás Pleanála na Gaillimhe i dtaobh feidhmiú an Rialacháin. Cuireann an t-údarás pleanála iarratais phleanála áirithe chuig Údarás na Gaeltachta. Ní bhíonn aon nóta leis na hiarratais seo ná míniú ar conas a roghnaíodh iad thar iarratais eile. Go hiondúil is iad na hiarratais mhóra a chuirtear chuig Údarás na Gaeltachta, cúig theach nó mar sin an ceann is lú. Socraíonn Bainisteoir Pleanála Údarás na Gaeltachta céard iad na hiarratais a chuirfidh siad aighneachtaí ar aghaidh orthu. (Ó hAoláin 17/07/06).

Os rud é nárbh léir aon chóras a bheith ag an údarás pleanála d'iarr mé ar Údarás na Gaeltachta cén córas a raibh in áit acu siúd le cinneadh a ghlacadh ar céard iad na hiarratais a dhéanfaidís aighneachtaí orthu. Is é seo an freagra a tugadh dom:

Go hiondúil tógann muid san áireamh: an ceantar ina bhfuil an fhorbairt beartaithe, líon na dtithe sa scéim, ár mbreithiúnas ar staid na Gaeilge sa cheantar agus an tionchar féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt shonrach seo ar an nGaeilge tríd na gréasáin shóisialta áitiúla agus ar ghnéithe den saol áitiúil ar nós an scoil/na scoileanna, an séipéal, na cumainn spóirt agus shóisialta etc, an tionchar féideartha socheachnamaíoch, an daonra agus an geilleagar áitiúil. Sin é an creat ginearálta a bhíonn againn do chinneadh. (Ríomhphost 4 Lúnasa 2006).

Bunaithe ar na hagallaimh a bhí agam leis na hoifigigh ón Roinn agus ón Údarás is léir go mbeadh an dá eagraíocht sásta ról níos lárnaí a ghlacadh i gceist na pleanála sa Ghaeltacht. Feiceann siad an phleanáil fhisiciúil mar chuid den mhórphleanáil teanga atá ar siúl acu i bpáirt le chéile agus a mhéid gur féidir an phleanáil fhisiciúil cabhrú leis an bpleanáil teanga is amhlaidh is fearr é dar leo. Feiceann siad an chéad chéim sa treo seo ag teacht ón údarás pleanála áfach. (Ó hAinmhire, Ó hAoláin 17/07/06).

CAIBIDIL 6 Tátail agus Moltaí

Tugadh aitheantas ar leith don chéad uair d'oidhreacht teanga agus cultúir na Gaeltachta i reachtaíocht pleanála na tíre nuair a reachtaíodh an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000.

Fadhb Aitheanta

Bhí an gá féachaint go géar ar chúrsaí pleanála agus cosaint teanga faoi bhagairt aitheanta sa Bhreatain Bhig roimhe sin agus bhí méid áirithe dul chun cinn déanta sa tír sin. (Aitchison and Carter 2000) Ó 2000 ar aghaidh aithníodh sa dá thír go raibh gá teacht ar bhealach chun feidhm phraiticiúil a thabhairt d'fhorálacha reachtaíochta pleanála sa tír seo agus do chiorcláin phleanála sa Bhreatain Bhig. Is é Ó Loingsigh is mó a rinne obair ar an ábhar sa tír seo agus d'ullmhaigh sé treoirínte i gcomhairle le NASC in Aibreán 2005.

Treo na Gaoithe

Mura raibh sé soiléir roimhe seo tugann iniúchadh ar threocht na bhfigiúirí i gceantair an Spidéil agus na bhForbacha pictiúr dúinn ar an ngéarghá go dtabharfaí cosaint d'oidhreacht teanga agus cultúir na Gaeltachta. Cé go bhfuil figiúirí Thoghroinn Cheantair Chill Aithninn ina n-ábhar dóchais sa mhéid is go bhfuil ardú i líon na ndaoine go bhfuil Gaeilge acu agus titim sa líon a deir nach bhfuil is a mhalairt treo atá amhlaidh i dToghroinn Cheantair an Spidéil agus go háirithe i gceantar na bhForbacha. Tharla méadú de 95.2 faoin gcéad i líon na dtithe agus ardú 70 faoin gcéad sa daonra sna Forbacha idir 1981 agus 2002. Tá titim ó 76 faoin gcéad go 66.5 faoin gcéad den phobal a deir go bhfuil Gaeilge acu agus tá ardú ó 18.18 faoin gcéad go 27.75 faoin gcéad den phobal ag rá nach bhfuil. Faoi 2002 ní raibh ach 37.42 faoin gcéad den phobal ina gcainteoirí laethúla Gaeilge. Ní raibh sé taobh istigh de scóip an taighde seo ach measaim go bhfuil gá a fháil amach cén céatadán den phobal go bhfuil caighdeán an chainteora dhúchais acu.

Polasaithe agus Cuspóirí Láidre

Is í mo bharúil tar éis staidéar a dhéanamh ar pholasaithe agus chuspóirí Údaráis Phleanála na Gaillimhe go bhfuil feidhm láidir ar pháipéar tugtha aige d'fhoclaíocht 10.(2)(m) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 ina phlean forbartha. Aithnítear an

brú mór atá ar an nGaeilge sa Ghaeltacht agus aithnítear an imirce-isteach mar dhlúthchuid den bhrú sin. Is dóigh liom leis go dtugann sé feidhm dá pholasaithe agus dá chuspóirí agus é ag próiseáil iarratas pleanála. Lorgaíonn sé Ráiteas Tionchair Teanga beagnach i gcónaí. Ceanglaíonn sé coinníollacha le beagnach gach iarratas Gaeltachta a aithníonn tábhacht oidhreacht teanga agus cultúir na Gaeltachta agus an gá cosaint a thabhairt don teanga mar theanga an phobail. Is faoi Alt 47 den Acht a roghnaítear an srian teanga a leagan ar fhorbairtí. Coinníonn an t-údarás pleanála an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta ar an eolas faoi iarratais phleanála gur dealraitheach dó go mbeidh tionchar ábhartha acu ar cheist na Gaeilge sa Ghaeltacht.

Ceisteanna a ardaíonn.

In ainneoin a bhfuil thuas ardaíonn ceisteanna faoi chur chuige an údaráis phleanála. Níl aon cheist faoin nGaeilge ar an bhfoirm iarratais ar chead pleanála. Níl aon tagairt don Ráiteas Tionchair Teanga (RTT) uirthi ach oiread. Níl aon chritéir nó treoirlínte a chabhródh le forbróirí RTT a ullmhú. Seachas iad a lorg agus a nótaíl ina gcuid tuairiscí pleanála ní léir go bhfuil slat tomhais chun a bhfuil i RTT a mheas. Bhí dhá iarratas go raibh sé soiléir uathu gur aontaíodh conradh faoi Alt 47 den Acht ina dtaobh (Uimhreacha Tagartha 03/4373 agus 04/3688). Ní fios ar aontaíodh conradh in aon chás eile agus má aontaíodh ní fios cad iad téarmaí na gconarthaí. Ar an bpeire a aontaíodh ceanglaíodh srian ar chéatadán aonad cónaithe do dhaoine le Gaeilge a bhí níos ísle ná céatadán na gcainteoirí Gaeilge sa phobal. Cé go gcoinnítear An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus Údarás na Gaeltachta ar an eolas faoi iarratais áirithe phleanála ní léir céard air a bhunaíonn an t-údarás pleanála a chinntí agus sin á dhéanamh aige agus cinnte ní chuirtear sin in iúl don Roinn nó don Údarás. Leag an t-údarás pleanála spriocúimhir de líon aonad cónaithe don dá cheantar do thréimhse an phlean forbartha. Taobh istigh den chéad trí bliana bhí a spriocúimhir sáraithe aige. Glacadh cinneadh ag tús tréimhse an phlean go ndiúltófaí d'iarratas ar 51 teach ar an Spidéal. Sárú ábhartha ar an bplean forbartha a bheadh ann dar leis an údarás pleanála. Dhá bhliain ina dhiaidh sin ceadaíodh an t-iarratas céanna. I ngníomh amháin bhí ísliú gráid tugtha do chosaint na teanga.

An Treo chun cinn

Bunaithe ar chinntí an Bhoird Phleanála is léir go bhfuil córas socraithe ag an mBord le srian teanga a chur ar líon tithe bunaithe ar líon na gcainteoirí Gaeilge sa phobal agus ag leibhéal níos airde ná sin i gceantair ar nós na Forbacha go bhfuil an Ghaeilge go mór faoi bhagairt iontu. Ní leor sin áfach. Caithfear an t-údarás pleanála a mhealladh sa treo céanna má tá toradh dearfach le bheith ar fhoráil 10.(2).(m) den Acht.

Tá córas leagtha síos do chosaint na timpeallachta go m'fhiú féachaint air ó thaobh cosaint na teanga de. Faoi Alt 33.(3)(a) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 is féidir leis an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil rialacháin a ullmhú chun eolas i dtaobh na forbartha a lorg ón iarratasóir ar chead pleanála féachaint cén tionchar a bheadh ag an bhforbairt ar an nGaeilge sa Gaeltacht. Is gá don Aire comhairle a lorg ón Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus na rialacháin seo á n-ullmhú aige. Is dóigh liom go m'fhiú rialacháin faoin Alt seo a eisiúint. Tá dóthain ábhair ullmhaithe ag Ó Loingsigh (2005) i gcomhairle le NASC chun tús a chur le dréachtú rialachán fiúntacha. Is gá Plean Limistéir Gaeltachta a bheith ullmhaithe i bhfad níos luaithe i saol plean forbartha má tá aon fhiúntas le baint as agus má tá treoir cheart le bheith ag pleanálaithe, forbróirí agus pobail do chosaint oidhreachta teanga agus cultúir na Gaeltachta agus do chur chun cinn na Gaeilge. Tá ról reachtúil ag Údarás na Gaeltachta san obair seo.

Tá sé aitheanta ag an bpobal acadúil, ag Ó Loingsigh (2005), ag an Roinn (Ó hAinmhire 17/07/06), ag an Údarás (Ó hAoláin 17/07/06) agus ag Údarás Pleanála na Gaillimhe (Kavanagh 27/07/06) go bhfuil gá le comhthéacs náisiúnta do phleanáil teanga ina mbeadh pleanáil fhisiciúil mar chuid de. Tá páirt ghníomhach glactha ag Údarás na Gaeltachta i réimse na pleanála le cúpla bliain anuas agus tá ról pleanála teanga tugtha ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta don Údarás arís le blianta beaga anuas. Mar chéim eatramhach measaim go ndéanann sé ciall go n-oibreodh Údarás na Gaeltachta agus Údarás Pleanála na Gaillimhe as láimh a chéile ar mhaithe le pleanáil chuí agus forbairt inmharthana go bhfuil cosaint na Gaeilge ceaptha a bheith mar dhlúthchuid díobh.

Tagairtí

Leabhair:

A & L Goodbody Solicitors 2001. *Irish Planning Law and Practice Supplement – The Planning and Development Act 2000*. Dublin. Butterworth (Ireland) Ltd.

Aitchison, J. and Carter, H. 2000. *Language, Economy and Society – The changing fortunes of the Welsh Language in the Twentieth Century*. Cardiff: University of Wales Press.

Comhairle Contae na Gaillimhe. 1997. *County Development Plan 1997-2002*. Galway. Galway County Council

Comhairle Contae na Gaillimhe. 2003. *Galway County Development Plan 2003 - 2009*. Galway. Galway County Council.

Comhairle Contae na Gaillimhe. 2003. *An Spidéal Pre-Draft Document*. (Neamfhoilsithe).

Simons, G. 2004. *Planning and Development Law*. Dublin. Round Hall Ltd.

Irisí:

Denvir, G. 2002. The Linguistic Implications of Mass Tourism in Gaeltacht Areas. *New Hibernia Review*. 6 (3), pp23-43.

Mac Donnacha, S. 2000. An Bille Pleanála agus an Ghaeltacht. *Pléaráca*. (Pléaráca 2000), pp4-6.

Ó hÉallaithe, D. 2004. Pleanáil agus Teanga i nGaeltacht Chonamara. *Pléaráca* (Pléaráca 2004), pp18-21.

Ó Riagáin, P. 1978. The Language Factor in Regional Planning – The Gaeltacht Example. *Administration*. 26 (2), pp197–211.

Ábhar Rialtais

An Bille um Pleanáil agus Forbairt 1999. Tithe an Oireachtais. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Comhshaoil 1997. *Sustainable Development – A Strategy for Ireland*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil 2002. *The National Spatial Strategy 2002-2020*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil 2001. *Statutory Instruments.S.I No. 600 of 2001*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta 2002. *Coimisiún na Gaeltachta 2002 – Tuarascáil*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. [Ar fáil ag]

<http://www.pobail.ie/ie/SeirbhisiCorparaidi/RannogPearsanra/Dhilaru-AerfortChnocMhuire/NaForbacha/> [aimsithe 20/06/06]

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta 2006. *Figiúirí Scéim Labhairt na Gaeilge 1993-2005*. (Ar fáil ón Roinn)

National Assembly of Wales 2000. *Planning Guidance (Wales) Technical Advice Note(Wales) 20*. [ar líne]. Ar fáil ag:

http://www.wales.gov.uk/subiplanning/content/tans/pdfs/tan20_e.pdf

[Aimsithe 30 Bealtaine 2006]

Planning and Development Act, 2000. Achtanna an Oireachtais. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Rialtas na hÉireann. *Small Area Population Statistics*. 1981-2002. CSO. BÁC. (ar fáil ar ordú ón bPríomhoifig Staidrimh)

The National Development Plan 2000-2006. 2000. Dublin. Oifig an tSoláthair.

Cás Cúirte

An Ardchúirt. 2002. Athbhreithniú Breithiúnach – Ní Chonghaile v Comhairle Contae na Gaillimhe - Uimhir 570 JR 2000.

Tuairiscí Taighde

Ó Cinnéide, M., Mac Donnacha, S. agus Ní Chonghaile, S. 2001. *Polasaithe agus Cleachtais Eagraíochtaí Éagsúla le Feidhm sa Ghaeltacht*.

Lynch, C., Ó Loingsigh, 2005. *Planning in Gaeltacht Areas Guidelines for Regional and Planning Authorities..* (neamhfhoilsithe; faighte ó NASC le cead an údair)

Ó Loingsigh, C. *Report to Coimisiún na Gaeltachta regarding the 2000 Planning and Development Act*. (neamhfhoilsithe; faighte ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta le cead an údair)

Ar líne

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil. Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001. [ar líne] Ar fáil ag:

[http://www.environ.ie/DOEI/DOEIPol.nsf/0/fad163d4e576ac3a80256fa3003d0f77/\\$FILE/Ionstraim%20Reachtúil%20Uimh%20600%20de%202001.pdf](http://www.environ.ie/DOEI/DOEIPol.nsf/0/fad163d4e576ac3a80256fa3003d0f77/$FILE/Ionstraim%20Reachtúil%20Uimh%20600%20de%202001.pdf)

[Aimsithe 05/04/06]

Díospóireachtaí Parlaiminte/Parliamentary Debates

Dáil Éireann - Volume 513 - 02 February, 2000
Planning and Development Bill, 1999 [Seanad] : Second Stage.[ar líne] Ar fáil ag:
<http://historical-debates.oireachtas.ie/D/0513/D.0513.200002020018.html>
[Aimsithe 05/04/06]

Law Society's Law Reform Committee. 2005. Discriminatory Planning Conditions: The case for reform. [Ar líne]. Ar fáil ag:
http://www.lawsociety.ie/newsite/documents/Law_reports/dpcreport.pdf
[Aimsithe 19/03/06]

Ó hÉallaithe, D. 2004. Acht Pleanála 2000 sa Ghaeltacht – Ach an féidir é a chur i bhfeidhm? [Ar líne]. Ar fáil ag: <http://www.tostal.ie/2004/viewspeech.php?id=12>
[Aimsithe 17/05/06]

Ó hÍcí, E. 2004. Pleanáil sa Ghaeltacht – Cúpla smaoineamh ar Impleachtaí Alt 10(2)m den Acht Pleanála agus Forbartha, 2000. [Ar líne] Ar fáil ag:
<http://www.feasta.ie/2005/feabhra/alt5.html>
[Aimsithe 20/04/06]

Agallaimh:

Kavanagh, Liam, 2006. Pleanáil sa Ghaeltacht – Údarás Pleanála na Gaillimhe. Gaillimh. 27/07/06.

Ó Droighneáin, Eoin, 2006. Pleanáil sa Ghaeltacht – An tionchar áitiúil. Gaillimh. 19/07/06.

Ó hAinmhire, Bertie, 2006. Pleanáil sa Ghaeltacht – Ról na Roinne Gnóthai Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Na Forbacha, Co. na Gaillimhe. 17/07/06.

Ó hAoláin, Pádraig, 2006. Pleanáil sa Ghaeltacht – Ról an Údaráis. Na Forbacha, Co. na Gaillimhe. 17/07/06.

Ó Loingsigh, Ciarán, 2006. Pleanáil sa Ghaeltacht – Treoirínte NASC. Durlas, Co. Thiobraid Árann. 13/07/06.

O'Neill, Brenda, 2006. Pleanáil sa Ghaeltacht – Údarás Pleanála na Gaillimhe. Gaillimh. 27/07/06.

Teachtaireacht Ríomhphoist:

Ó Ceithearnaigh, Pádraig (padraig@comhdhail.ie), 4 Lúnasa 2006. Ábhar: Conas a roghnaíonn Údarás na Gaeltachta na hiarratais phleanála a dhéanfaidh sé aighneachtaí orthu chuig údaráis phleanála. Ríomhphost chuig Pádraig Ó hAoláin (ohaolain@udaras.ie)

Iarratais Phleanála*

* Tugaim URL Chomhairle Contae na Gaillimhe agus an Bhoird Phleanála thíos. Tugann an t-údarás phleanála uimhir thagartha do gach iarratas phleanála agus is féidir teacht ar an ábhar go hiondúil trí an uimhir chuif a iontráil faoin "text based query system". Tosaíonn an

uimhir leis an mbliain, 03/1234 mar shampla. Coinníonn an Bord Pleanála uimhir thagartha an údaráis phleanála agus tugann sé uimhir thagartha dá chuid féin d'achomhairc chomh maith. Tosaíonn uimhreacha tagartha na Gaillimhe le PL07. Is cabhair iad seo le teacht ar an ábhar cuí. Tá na huimhreacha tagartha luaite agam le tagairtí d'iarrais phleanála sa téacs. Tá roinnt naisc dhíreacha sa téacs chomh maith chun am a shábháil ar an té go bhfuil breis ábhar uaidh. Is tríd na URL thíos a chéad aimseofá an t-ábhar sin.

Comhairle Contae na Gaillimhe

Galway County Council. 2006. Planning Query System. [Ar líne]. Ar fáil ag:

<http://www.galway.ie/en/Services/Planning/PlanningQuerySystem/>

[Aimsithe: 01/07/06]

An Bord Pleanála

An Bord Pleanála. 2006. Search for Planning Appeals and other cases. [Ar líne]. Ar fáil ag:

<http://www.pleanala.ie/> [Aimsithe 09/06/06].

Ábhar eile:

An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. 2004. Litir chuig Rúnaí an Bhoird Phleanála, 22 Lúnasa 2004. (neamhfhoilsithe)

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge. 1997. Aighneacht – (Athbhreithniú ar na hAchtanna Rialtais Áitiúil 1963-1993) chuig an Roinn Comhshaoil agus Rialtas Áitiúil. (neamhfhoilsithe).

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge. 2000. An Bille um Pleanáil agus Forbairt, 1999 – mar a ritheadh ag Seanad Éireann. Leasuithe Molta – Feabhra 2000. (neamhfhoilsithe)

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge. 2000. Litir chuig an Aire Comhshaoil i dtaobh an Bhille um Pleanáil agus Forbairt 1999, 19 Bealtaine 2000. (neamhfhoilsithe)

Ó hIfearnáin, T. 2000. Language Impact of Residential Development at An Cheathrú Rua, Co. Galway. (neamhfhoilsithe)

Ó hIfearnáin, T. 2005. Tionchar na Forbartha Fisiciúla ar Iompar Teanga an Phobail: Ráiteas Tionchair Teanga a ullmhú. Caint a tugadh ag cruinniú den ghrúpa Airdeall ar an 19 Samhain 2005. (neamhfhoilsithe).

Aguisín 1 Iarratais Phleanála i gCeantar an Spidéil 2003 – 2006 ar Dhá Theach nó níos mó						
Uimhir Thagartha	Cineál T: Teach Á: Árasáin	RTT	Aighneachtaí	Cinneadh: Cead Cead Imlíneach Cead Coinníollach Diúltú Tarraingt Siar	Achomharc	Nótaí
03/3990	51 T	√	√	Tarraingt Siar		Ba léir ó thuairisc an phleanálaí go ndiúltófaí don iarratas ar fáthanna éagsúla.
03/4373	29 Á	√	√	Cead Coinníollach		Cead le conradh faoi Alt 47 den Acht (gan a bheith sonraithe). 18 as 29 nó 62% de na hárasáin coinnithe do dhaoine le Gaeilge a aontaíodh.
03/4916	15 Á + aonad gnó			Cead Coinníollach		Cead le coinníoll faoi ainm na forbartha agus coinníoll teanga le socrú le conradh faoi Alt 47 den Acht. Ní léir go ndearnadh an socrú.

Aguisín 2 Iarratais Pleanála i gCeantar an Spidéil 2003 – 2006 ar Dhá Theach nó níos mó						
Uimhir Thagartha	Cineál T: Teach Á: Árasáin	RTT	Aighneachtaí	Cinneadh: Cead Cead Imlíneach Cead Coinníollach Diúltú Tarraingt Siar	Achomharc	Nótaí
03/5988	17 T	X	√	Cead imlíneach 2002	√	Cead le Conradh faoi Alt 47 den Acht.(gan a bheith sonraithe). Achomharc ón bhforbróir in aghaidh an choinníll teanga. Cead ón mBord Pleanála. Ní raibh coinníoll teanga leis an gcead imlíneach. (PL 07.131436)
04/3817	15 T	√	√	Cead Coinníollach		Cead le coinníollacha. Coinníoll 7 a bhain le hainm na háite a bheith aontaithe; Coinníoll 12 - Conradh faoi Alt 47 den Acht. Tagairt do shocrú ach níl aon socrú ar an gcomhad.
04/5509	Ar-Ostán 89 seomra	√	√	Diúltú	√	Diúltú. D'iarr an t-údarás pleanála RTT. Rinneadh a lán aighneachtaí i gcoinne an iarratais seo. Diúltaíodh don iarratas. Ceist na teanga i measc nithe eile. Rinne an forbróir achomharc chuig an mBord Pleanála agus diúltaíodh ansin dó freisin. PL07. 212489.

Aguisín 3 Iarratais Pleanála i gCeantar an Spidéil 2003 – 2006 ar Dhá Theach nó níos mó						
Uimhir Thagartha	Cineál T: Teach Á: Árasáin	RTT	Aighneachtaí	Cinneadh: Cead Cead Imlíneach Cead Coinníollach Diúltú Tarraingt Siar	Achomharc	Nótaí
05/1093	2T	X		Cead Coinníollach		Cead Níor lorgaíodh RTT sa chás seo. Cé go raibh coinníoll leis an gcead níor léir ón gcomhad gur síníodh conradh faoi Alt 47 faoi Acht
05/1336	51 T (féach 03/3990)	√	√	Cead Coinníollach	√	Cead Cheadaigh an t-údarás pleanála an t-iarratas seo an babhta seo le coinníollacha éagsúla. Diúltú. Dhiúltaigh an Bord Pleanála dó mar go bhfuil polasaí ag an údarás pleanála cosc a chur ar fhorbairt le tionchar diúltach suntasach ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht. Tugadh fáthanna eile agus rinneadh cáineadh géar ar an údarás pleanála i dtuairisc an chigire. (PL 07. 215918)

Aguisín 4 Iarratais Phleanála i gCeantar an Spidéil 2003 – 2006 ar Dhá Theach nó níos mó						
Uimhir Thagartha	Cineál T: Teach Á: Árasáin	RTT	Aighneachtaí	Cinneadh: Cead Cead Imlíneach Cead Coinníollach Diúltú Tarraingt Siar	Achomharc	Nótaí
05/2443	4 T	√	√	Cead do dhá theach		Cead. Níor ceadaíodh ach dhá theach as ceithre cinn. Níor cuireadh coinníoll teanga leis an iarratas. Dúradh san iarratas gur do cheathrar páiste, gur cainteoirí ó dhúchas iad, na tithe.

Aguisín 5 Iarratais Pleanála i gCeantar na bhForbacha 2003 – 2006 ar Dhá Theach nó níos mó						
Uimhir Thagartha	Cineál T: Teach Á: Árasáin	RTT	Aighneachtaí	Cinneadh: Cead Cead Imlíneach Cead Coinníollach Diúltú Tarraingt Siar	Achomharc	Nótaí
04/1454	6 Á agus 14 T	√	√	Cead Coinníollach	√	Cead Chuir an t-údarás pleanála in iúl nach gceadódh sé ach 15 aonad cónaithe ar mhaithe leis an teanga a chosaint. Cead coinníollach ansin. Conradh faoi Alt 47 den Acht. Cead ón mBord Pleanála le srian úsáide ó thaobh na Gaeilge de ar thrí árasán agus shé theach thar 15 bliana. Córas na Roinne Ghnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta le húsáid chun caighdeán líofachta a mheas. PL07. 208725
05/4633	Leasú iarrtha ar dhearadh na dtithe.		√	Cead le coinníoll an Bhord Pleanála sonraithe		
04/3468	6 Á	x	√	Tarraingt Siar		

Aguisín 6 Iarratais Pleanála i gCeantar na bhForbacha 2003 – 2006 ar Dhá Theach nó níos mó						
Uimhir Thagartha	Cineál T: Teach Á: Árasáin	RTT	Aighneachtaí	Cinneadh: Cead Cead Imlíneach Cead Coinníollach Diúltú Tarraingt Siar	Achomharc	Nótaí
04/3688	6Á, 1T	√	√	Cead Coinníollach do 6 Árasán.		Cead Coinníoll teanga neamshonraithe. Ainm na forbartha le bheith i nGaeilge. Conradh faoi Alt 47 den Acht ar an gcomhad – Dhá cheann as sé árasán le ceangal teanga ar feadh deich mbliana. Córas na Roinne G.P.T agus Gaeltachta le húsáid chun caighdeán líofachta a mheas.
04/4398	3Á & 12T agus eile. Iarratas ar chead imlíneach.	√	√	Cead Coinníollach	√	Cead Chuir an t-údarás pleanála in iúl nach gceadóadh sé ach 12 aonad cónaithe agus lorg sé RTT. Coinníollacha éagsúla agus conradh faoi Alt 47 den Acht. Cheadaigh an Bord Pleanála trí árasán agus naoi dteach le srian teanga ar dhá árasán agus shé theach. Tréimhse 15 bliana. Córas na Roinne G.P.T.G le húsáid chun caighdeán líofachta a mheas. PL07.213302

Aguisín 7 Iarratais Phleanála i gCeantar na bhForbacha 2003 – 2006 ar Dhá Theach nó níos mó						
Uimhir Thagartha	Cineál T: Teach Á: Árasáin	RTT	Aighneachtaí	Cinneadh: Cead Cead Imlíneach Cead Coinníollach Diúltú Tarraingt Siar	Achomharc	Nótaí
05/1789	10T	√	√	Cead Coinníollach	√	Cead An forbróir sásta le coinníoll teanga ar 40% de na tithe. Coinníoll teanga na Comhairle le haontú trí chonradh faoi Alt 47. Dhiúltaigh an Bord Pleanála don iarratas. Iomarca tógála cheana féin san ionad lonnaíochta; gan Phlean Limistéir Áitiúil; baol don teanga. PL07.216054
05/1992 (féach 04/3688)	6Á & 1T	√	√	Cead Coinníollach	√	Cead Coinníoll teanga na Comhairle le haontú trí chonradh faoi Alt 47 den Acht. Tarraingíodh siar an t-iarratas tar éis achomharc a bheith déanta chuig an mBord Pleanála. Cead dul ar aghaidh bunaithe ar chead a tugadh faoi 04/3688.

Aguisín 8 Iarratais Phleanála i gCeantar na bhForbacha 2003 – 2006 ar Dhá Theach nó níos mó						
Uimhir Thagartha	Cineál T: Teach Á: Árasáin	RTT	Aighneachtaí	Cinneadh: Cead Cead Imlíneach Cead Coinníollach Diúltú Tarraingt Siar	Achomharc	Nótaí
05/5029	15T	√	√	Tarraingt Siar		Diúltaíodh d'iarratais den chineál céanna don suíomh seo agus i dtuairisc Pleanálaí an údaráis phleanála bhí molta go ndiúltófaí don iarratas seo freisin. Níor tógadh ceist na Gaeilge san áireamh.

Agallamh 1 Ciarán Ó Loingsigh

Ceisteanna do Chiarán Ó Loingsigh

Stiúrthóir: Forbairt Tuaithe Inmharthana, Institiúid Thiobraid Árann.

Dáta: 13/07/06

Ábhar: Pleanáil sa Ghaeltacht – Treoirlínte NASC

Ceist 1. Conas a shamhlaíonn tú an chothromaíocht idir “restrictions” re Gaeilge agus “forbairt inmharthana”?

Ceist 2. Aithníonn tú deacracht le feidhmiú polasaí a thugann tosaíocht d’iarratais do thithíocht le daoine le Gaeilge, cén fáth sin?

Ceist 3. I bhfianaise a bhfuil i dTreoirlínte NASC an bhfuil cinntí an Bhoird Phleanála i gcomhthéacs na Gaillimhe “establishing the appropriate balance”?

Ceist 4. Ag tagairt d’fhorálacha gan chúiteamh faoin Acht deir tú “Though it appears that any type of condition can be imposed, it is likely that any such conditions must be such as are envisaged within the general thrust of the acts.” An bhféadfá níos mó a rá faoi seo? (Ó Loingsigh 2005 pp25-26)

Ceist 5. Ar leathanach 30 scríobhann tú faoi “matrix based on indicators”- An bhféadfá soiléiriú a dhéanamh dom ar conas cinneadh a dhéanamh ar céard is +5 nó -5 ann? (Ó Loingsigh 2005 p30)

Agallamh 2 Bertie Ó hAinmhire

Ceisteanna do Bhertie Ó hAinmhire

Príomhoifigeach: An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Dáta: 17/07/06

Ábhar: Pleanáil sa Ghaeltacht – Ról na Roinne

Ceist 1. Faoi Alt 20.(3)(c)(iii) d'Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 - Comhairle ar Phleananna Limistéir Áitiúla - An raibh údarás pleanála na Gaillimhe i gcomhairle libh faoi dhréachtphlean an Spidéil nó faoi phlean Ghaeltachta na Gaillimhe atá á dhréachtú faoi láthair?

Ceist 2. An bhfaigheann An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta fógra faoi Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 I.R. Uimhir 600 de 2001 faoi alt 28.(1)(n); alt 82.(3)(m); alt 121.(1)(m) nó 179.(2)(p) ó údarás pleanála na Gaillimhe faoi iarratais phleanála nó eile a d'fheadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar staid na teanga sa Ghaeltacht?

Ceist 3. An bhfuil aon chritéir aontaithe agaibh le húdarás pleanála na Gaillimhe chun tionchar iarratais phleanála sa Ghaeltacht a mheas?

Ceist 4. Cén bealach is fearr gur féidir an córas pleanála a úsáid chun áit na Gaeilge sa Ghaeltacht a chosaint?

Ceist 5. An raibh An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta lárnach d'ullmhú na dtreoirlínte pleanála a chuir NASC le chéile i gcomhar le Ciarán Ó Loingsigh? Cén réiteach is fearr atá iontu, má tá, dar leis an Roinn chun aidhmeanna an Acht um Pleanáil agus Forbairt i leith na Gaeltachta a bhaint amach.

Ceist 6. I bhfianaise a bhfuil i dTreoirlínte NASC an bhfuil cinntí an Bhoird Phleanála i gcomhthéacs na Gaillimhe “establishing the appropriate balance”? i.e an chothromaíocht idir cosaint na Gaeltachta agus cur chun cinn na Gaeilge agus forbairt inmharthana.

Ceist 7. An bhféadfadh An Roinn ról níos lárnaí a ghlacadh sa chóras pleanála sa Ghaeltacht? Agus cén chaoi go bhféadfadh seo tarlú i gcomhthéacs na reachtaíochta reatha?

Ceist 8. Conas a réitíonn An Roinn Ghnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta an chothromaíocht idir forbairt eacnamaíochta agus sóisialta agus cosaint an chultúir agus cur chun cinn na Gaeilge.

Agallamh 3 Pádraig Ó hAoláin

Ceisteanna do Phádraig Ó hAoláin

Príomhfheidhmeannach: Údarás na Gaeltachta

Dáta: 17/07/06

Ábhar: Pleanáil sa Ghaeltacht – Ról an Údaráis

Ceist 1. Faoi Alt 20.(2) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 - Comhairle ar Phleananna Limistéir Áitiúla - An raibh údarás pleanála na Gaillimhe i gcomhairle libh faoi dhréachtphlean an Spidéil nó faoi phlean Gaeltachta na Gaillimhe atá á dhréachtú faoi láthair?

Ceist 2. An bhfaigheann Údarás na Gaeltachta fógra faoi Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 I.R. Uimhir 600 de 2001 faoi alt 28.(1) (n); alt 82.(3)(m); alt 121.(1)(m) nó 179.(2).(p) ó údarás pleanála na Gaillimhe faoi iarratais phleanála nó eile a d'fheadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar staid na teanga sa Ghaeltacht?

Ceist 3. An bhfuil aon chritéir aontaithe agaibh le húdarás pleanála na Gaillimhe chun tionchar iarratais phleanála sa Ghaeltacht a mheas?

Ceist 4. Cén bealach is fearr gur féidir an córas pleanála a úsáid chun áit na Gaeilge sa Ghaeltacht a chosaint?

Ceist 5. An raibh Údarás na Gaeltachta lárnach d'ullmhú na dtreoirlínte pleanála a chuir NASC le chéile i gcomhar le Ciarán Ó Loingsigh? Cén réiteach is fearr atá iontu, má tá, dar leis an Údarás chun aidhmeanna an Acht um Pleanáil agus Forbairt i leith na Gaeltachta a bhaint amach.

Ceist 6. I bhfianaise a bhfuil i dTreoirlínte NASC an bhfuil cinntí an Bhoird Phleanála i gcomhthéacs na Gaillimhe “establishing the appropriate balance” i.e an chothromaíocht idir cosaint na Gaeltachta agus cur chun cinn na Gaeilge agus forbairt inmharthana?

Ceist 7. Ar mhaith leis an Údarás ról níos lárnaí a bheith aige sa chóras pleanála sa Ghaeltacht? Agus cén chaoi go bhféadfadh seo tarlú i gcomhthéacs na reachtaíochta reatha?

Ceist 8. Conas a réitíonn Údarás na Gaeltachta an chothromaíocht idir forbairt eacnamaíochta agus sóisialta agus cosaint an chultúir agus cur chun cinn na Gaeilge.

Agallamh 4 Eoin Ó Droighneáin

Ceisteanna d'Eoin Ó Droighneáin

Cathaoirleach: Coiste Ghlor na nGael, An Spidéal.

Dáta: 19/07/06

Ábhar: Pleanáil sa Ghaeltacht – An tionchar áitiúil

Ceist 1. Mar Chathaoirleach ar ghrúpa phobail an bhfuil aon fhiúntas go praiticiúil sna forálacha a bhaineann le Gaeilge/Gaeltacht san Acht Um Pleanáil agus Forbairt 2000?

Ceist 2. An gceapann Glór na nGael an Spidéil go bhfaigheann sibh éisteacht chothrom i dtaobh pleanáil sa Ghaeltacht ó Chomhairle Contae na Gaillimhe?

Ceist 3. Bhí sé le rá ag Ó Cinnéide, Mac Donnacha agus Ní Chonghaile ina dtuairisc do Choimisiún na Gaeltachta go raibh pobal na Gaeltachta den tuairim go raibh sé deacair acu féin cead pleanála a fháil ach ag an am céanna go raibh an iomarca daoine le Béarla amháin ag teacht isteach sa Ghaeltacht. An mbeadh an tuairim sin fós ann? Má tá an bhfuil teipthe ar Chomhairle Contae na Gaillimhe aird ar bith a thabhairt d'éirim an Achta ó thaobh na Gaeltachta de?

Ceist 4. Dá mbeadh deis ag do choiste leasú amháin a dhéanamh ar an Acht nó ar chleachtas Chomhairle Contae na Gaillimhe cén leasú a mholfadh sibh dar leat?

Ceist 5. Ó thaobh todhchaí an Spidéil de an gceapann tú go bhfuil an Co. Co. ag aimsiú an chothromaíocht cheart idir forbairt fhisiciúil agus cosaint na Gaeltachta agus cur chun cinn na Gaeilge.

Agallamh 5&6* Liam Kavanagh & Brenda O Neill

Ceisteanna do Liam Kavanagh

Innealtóir Feidhmiúcháin: Pleanáil chun cinn

agus Brenda O Neill

Pleanálaí:

Dáta: 27/07/06

Ábhar: Pleanáil sa Ghaeltacht – Údarás Pleanála na Gaillimhe

NASC Planning Guidelines

Ceist 1. Has Galway County Council any mechanisms or processes in place for establishing the effectiveness of adopted policies?

Ceist 2. Have indicators of the health of linguistic and cultural heritage of the Gaeltacht area been determined, as outlined in the NASC Planning Guidelines? (Ó Loingsigh 2005 pp 8-10)

Ceist 3. The NASC Planning Guidelines suggest that “reports and decisions on planning applications should refer to the consideration given to these matters” ie linguistic and cultural heritage of the Gaeltacht. Is this being done and how? (Ó Loingsigh 2005 p24)

Ceist 4. The NASC Planning Guidelines suggest specific conditions that might be imposed on planning conditions. An Bord Pleanála has found that your conditions apropos language are not specific enough. Is it the intention of the Council to make any changes in this area? (Ó Loingsigh 2005 p24)

Language Impact Assessments

Ceist 5. a) What does the planning authority look for in Language Impact Assessment? (County Development Plan 2003-2009 p70).

b) Does the planning authority furnish the developer with the ground rules for preparing a Language Impact Assessment?

c) How as outlined in policy 207 p. 70 and in DC Standard 37 p85 does the planning authority consider the potential impact on the language of any development close to the Gaeltacht? (County Development Plan)

County Development Plan 2003 – 2009

Ceist 6. How does one balance “the future of towns and villages near the city and the quality of life of people living in the commuting ring around Galway City depend on the City

retaining its dynamic growth character” p12, with the defence of the linguistic heritage of the Gaeltacht and the promotion of the Irish language?

Ceist 7. Policy 83 p. 43. Agreement under Section 47 within one month of grant of planning permission. Could this be done regarding the Irish language agreements and if so would the planning authority accept the need to do same?

Ceist 8. Section 10.5 p.69 refers to facilitating, those with necessary work skills, to learn Irish. How do you envisage doing this and with what agencies?

Ceist 9. How does the Planning Authority reach the opinion that a development would have a significant negative impact on the Irish language and the Gaeltacht? Section 10.5 p.69.

Objectives 69-72 (p71)

Ceist 10. a) Was the Pre-Draft Plan for An Spidéal ever finally accepted and if so is it being implemented? (Obj 69)

b) How is the planning authority giving “recognition to the economic, social and cultural importance of Irish in the Gaeltacht”? (Obj. 70)

c) Has an effective system as per objective 71 “through which various aspects of the Gaeltacht ethos can be assessed and protected as part of the planning process” been put in place and if so how is it being implemented?

d) What system have you in place to ensure that all contractors employed by the County Council in the Gaeltacht will have regard to the culture in which they work?

*Nóta:

Réitíodh na ceisteanna seo i mBéarla mar go dúradh liom nach raibh Gaeilge ag an té a moladh dom labhairt leis. Ní raibh an duine sin ar fáil ar deireadh agus mar a tharla sé chríochnaigh mé ag cur agallaimh ar bheirt neamhspleách dá chéile – duine le Gaeilge agus duine gan Ghaeilge. Cuireadh na ceisteanna céanna ar an mbeirt.

Aguisín 7 Foirmeacha Pleanála ar fáil i nGaeilge nó go Dátheangach ó Chomhairle Contae na Gaillimhe

1. Foirm Iarratais Phleanála
2. Ábhar an Fhógra Suíomh
3. Fógra suíomh
4. Ábhar an Fhógra Nuachtáin
5. Ceistneoir Maidir le Teach Clainne Breise
6. Ceistneoir Maidir le Athsholáthar Tigh ar Dhrochchaighdeán
7. Liosta na dTáillí Pleanála
8. Foirm Riachtanais Tithíochta Tuaithe do Gach Duine Fásta Ar Leith Bainteach le hlarratas ar Thithíocht Tuaithe
9. Dabhach Séarachais: Tuairisc ar Mheasúnú Oiriúnacht Suímhe
10. Seicliosta – Iarratas Pleanála
11. Iarratas ar Cheadú bunaithe ar iarratas dleathach ar chead imlíne a fuarthas roimh 11ú Márta 2002 agus a ceadaíodh ina dhiaidh sin (Dátheangach)